



---

*Uimhir 32 de 2013*

---

**AN tACHT UM CHÚIRTEANNA AGUS AN DLÍ SIBHIALTA  
(FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 2013**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

**CLÁR AN ÁBHAIR**

**CUID 1**

**RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA**

**Alt**

1. Gearrtheideal, tosach feidhme agus comhlua
2. Aisghairm

**CUID 2**

**LEASÚ AR RIALACHA A BHAINNEANN LE HÍMEACHTAÍ ÁIRITHE A  
ÉISTEAR AR SHLÍ SEACHAS GO POIBLÍ**

3. Léiriú (Cuid 2)
4. Leasú ar alt 39 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004
5. Leasú ar alt 40 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004
6. Leasú ar Chuid 3 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004
7. Leasú ar alt 2 den Acht um Chúram Leanaí, 1991
8. Leasú ar alt 29 den Acht um Chúram Leanaí, 1991
9. Leasú ar alt 31 den Acht um Chúram Leanaí, 1991
10. Leasú ar alt 18 den Acht Uchtála, 2010
11. Leasú ar alt 30 den Acht Uchtála, 2010
12. Leasú ar alt 31 den Acht Uchtála, 2010

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [2013.]  
Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),  
2013.*

CUID 3

DLÍNSE NA CÚIRTE DÚICHE AGUS NA CÚIRTE CUARDA

13. Léiriú (Cuid 3)
14. Teorainn airgeadaíochta dhlínse na Cúirte Cuarda a leathnú
15. Teorainn airgeadaíochta dhlínse na Cúirte Dúiche a leathnú
16. Leasú ar an Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936
17. Leasú ar Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961
18. Leasú ar alt 10 den Acht um Dhílseánaigh Óstán, 1963
19. Leasú ar alt 17 d'Acht na gCúirteanna, 1981
20. Leasú ar alt 15(2) d'Acht na gCúirteanna, 1991
21. Leasú ar an Acht um Páirtnéireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010

CUID 4

LEASÚ AR ACHT NA gCÚIRTEANNA (BUNÚ AGUS COMHDHÉANAMH),  
1961

22. Leasú ar alt 1 d'Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961

CUID 5

GIÚIRÉITHE I dTRIALACHA FADA

23. Leasú ar Acht na nGiúiréithe, 1976

CUID 6

CÚNAMH DLÍTHIÚIL AGUS COMHAIRLE DLÍ I NDÁIL LE HIONCHOISNÍ  
CRÓINEIRÍ

24. Leasú ar an Acht Cróineirí, 1962
25. Leasú ar an Acht um Chúnadh Dlíthiúil Sibhialta, 1995

CUID 7

FÉIMHEACHT

26. Léiriú (Cuid 7)
27. Leasú ar alt 3 d'Acht 1988
28. Leasú ar alt 8 d'Acht 1988
29. Leasú ar alt 60 d'Acht 1988
30. Leasú ar alt 63 d'Acht 1988
31. Leasú ar alt 69 d'Acht 1988

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.]  
Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),  
2013.*

32. Aisghairm alt 83 d'Acht 1988
33. Leasú ar alt 84 d'Acht 1988
34. Leasú ar alt 85B d'Acht 1988
35. Alt 86A a chur isteach in Acht 1988
36. Leasú ar alt 144 d'Acht 1988
37. Aisghairm alt 6 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 agus aisghairm Sceideal 1 a ghabhann leis
38. Leasú ar alt 9 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012
39. Leasú ar alt 17 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012
40. Leasú ar alt 20 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012
41. Leasuithe ilghnéitheacha ar achtacháin de dhroim aistriú an tSannáí Oifigiúil chuig an tSeirbhís Dócmhainneachta

CUID 8

LEASÚ AR AN ACHT UM DHÓCMHAINNEACHT PHEARSANTA, 2012

42. Míniú (Cuid 8)
43. Leasú ar alt 5 d'Acht 2012
44. Leasú ar alt 8 d'Acht 2012
45. Leasú ar alt 9 d'Acht 2012
46. Leasú ar alt 13 d'Acht 2012
47. Alt nua 21A in Acht 2012
48. Leasú ar alt 25 d'Acht 2012
49. Leasú ar alt 27 d'Acht 2012
50. Leasú ar alt 29 d'Acht 2012
51. Leasú ar alt 31 d'Acht 2012
52. Leasú ar alt 34 d'Acht 2012
53. Leasú ar alt 35 d'Acht 2012
54. Leasú ar alt 36 d'Acht 2012
55. Leasú ar alt 37 d'Acht 2012
56. Leasú ar alt 39 d'Acht 2012
57. Leasú ar alt 43 d'Acht 2012
58. Leasú ar alt 45 d'Acht 2012

[*Uimh. 32.*] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

59. Leasú ar alt 46 d'Acht 2012
60. Leasú ar alt 47 d'Acht 2012
61. Leasú ar alt 49 d'Acht 2012
62. Ailt 49A, 49B agus 49C a chur isteach in Acht 2012
63. Leasú ar alt 54 d'Acht 2012
64. Leasú ar alt 59 d'Acht 2012
65. Leasú ar alt 61 d'Acht 2012
66. Leasú ar alt 62 d'Acht 2012
67. Leasú ar alt 65 d'Acht 2012
68. Leasú ar alt 71 d'Acht 2012
69. Leasú ar alt 72 d'Acht 2012
70. Leasú ar alt 73 d'Acht 2012
71. Leasú ar alt 75 d'Acht 2012
72. Leasú ar alt 76 d'Acht 2012
73. Leasú ar alt 78 d'Acht 2012
74. Leasú ar alt 79 d'Acht 2012
75. Leasú ar alt 82 d'Acht 2012
76. Leasú ar alt 83 d'Acht 2012
77. Leasú ar alt 85 d'Acht 2012
78. Leasú ar alt 86 d'Acht 2012
79. Leasú ar alt 91 d'Acht 2012
80. Leasú ar alt 93 d'Acht 2012
81. Leasú ar alt 95 d'Acht 2012
82. Leasú ar alt 96 d'Acht 2012
83. Leasú ar alt 102 d'Acht 2012
84. Leasú ar alt 107 d'Acht 2012
85. Leasú ar alt 112 d'Acht 2012
86. Leasú ar alt 113 d'Acht 2012
87. Leasú ar alt 115 d'Acht 2012
88. Leasú ar alt 116 d'Acht 2012
89. Leasú ar alt 119 d'Acht 2012

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.]  
Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

90. Leasú ar alt 122 d'Acht 2012
91. Leasú ar alt 124 d'Acht 2012
92. Leasú ar alt 125 d'Acht 2012
93. Leasú ar alt 136 d'Acht 2012
94. Leasú ar alt 161 d'Acht 2012
95. Leasú ar alt 164 d'Acht 2012
96. Leasú ar alt 37 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936
97. Leasú ar alt 10 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1947

CUID 9

ILGHNÉITHEACH

98. Leasú ar alt 38 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936

AN SCEIDEAL

CUID 1

TEORAINN AIRGEADAÍOCHTA DHLÍNSE NA CÚIRTE CUARDA A LEATHNÚ

CUID 2

TEORAINN AIRGEADAÍOCHTA DHLÍNSE NA CÚIRTE DÚICHE A LEATHNÚ

---

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
 2013.

NA hACHTANNA DÁ DTAGRÁITEAR

|  |                    |
|--|--------------------|
| An tAcht Uchtála, 2010   | 2010, Uimh. 21     |
| An tAcht um Thruailliú Aeir, 1987  | 1987, Uimh. 6      |
| An tAcht um Leigheasanna Ainmhithe, 1993   | 1993, Uimh. 23     |
| <i>Attorneys' and Solicitors' Act</i> , 1870   | 33 & 34 Vict. c.28 |
| An tAcht Féimheachta, 1988   | 1988, Uimh. 27     |
| An tAcht Craolacháin, 2009   | 2009, Uimh. 18     |
| An tAcht um Chúram Leanaí, 1991  | 1991, Uimh. 17     |
| Acht na Leanaí, 2001   | 2001, Uimh. 24     |
| An tAcht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995  | 1995, Uimh. 32     |
| An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004   | 2004, Uimh. 31     |
| An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 | 2010, Uimh. 24     |
| An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995  | 1995, Uimh. 24     |
| An tAcht Cróinéirí, 1962   | 1962, Uimh. 9      |
| Na hAchtanna Cróinéirí, 1962 agus 2005   |                    |
| Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961   | 1961, Uimh. 38     |
| Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961   | 1961, Uimh. 39     |
| Achtanna na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 go 2012   |                    |
| Acht na gCúirteanna, 1971  | 1971, Uimh. 36     |
| Acht na gCúirteanna, 1981  | 1981, Uimh. 11     |
| Acht na gCúirteanna, 1991 (Uimh. 20)   | 1991, Uimh. 20     |
| Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995  | 1995, Uimh. 31     |
| Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 2002  | 2002, Uimh. 15     |
| An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1924   | 1924, Uimh. 10     |
| An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1936   | 1936, Uimh. 48     |
| An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1947   | 1947, Uimh. 20     |
| An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006  | 2006, Uimh. 11     |
| An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988  | 1988, Uimh. 25     |
| An tAcht um Chlúmhilleadh, 2009  | 2009, Uimh. 31     |
| An tAcht Cosanta, 1954   | 1954, Uimh. 18     |
| An tAcht um Fhoréigean Baile, 1996   | 1996, Uimh. 1      |
| An tAcht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001   | 2001, Uimh. 32     |
| An tAcht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte, 1926  | 1926, Uimh. 18     |
| An tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976  | 1976, Uimh. 27     |
| An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996   | 1996, Uimh. 33     |
| An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976   | 1976, Uimh. 11     |
| An tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1981  | 1981, Uimh. 22     |
| An tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1995  | 1995, Uimh. 26     |
| An tAcht Airgeadais, 2001  | 2001, Uimh. 7      |
| An tAcht Airgeadais, 2011  | 2011, Uimh. 6      |
| An tAcht Imeall Trágha (Leasú), 1992   | 1992, Uimh. 17     |
| An tAcht Cuanta, 1996  | 1996, Uimh. 11     |
| Na hAchtanna Fruilcheannaigh, 1946 agus 1960   |                    |
| An tAcht um Dhílseánaigh Óstán, 1963   | 1963, Uimh. 7      |
| Acht na nGiúiréithe, 1976  | 1976, Uimh. 4      |
| An tAcht Dlisteanais, 1931   | 1931, Uimh. 13     |

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.]  
Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),  
2013.*

|   |                |
|---|----------------|
| An tAcht Rialtais Áitiúil (Truailiú Uisce), 1977 (Uimh. 1)                      | 1977, Uimh. 1  |
| An tAcht Cothabhála, 1994   | 1994, Uimh. 28 |
| An tAcht Meabhair-Shláinte, 2001  | 2001, Uimh. 25 |
| An tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012                                    | 2012, Uimh. 44 |
| Acht na bPríosún, 2007 (Uimh. 10)   | 2007, Uimh. 10 |
| An tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 | 2012, Uimh. 37 |
| An Acht Aturnaetha (Leasú), 1960  | 1960, Uimh. 37 |
| An tAcht um Stádas Leanai, 1987   | 1987, Uimh. 26 |
| An tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996  | 1996, Uimh. 10 |
| An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000  | 2000, Uimh. 38 |
| An tAcht um Fhiadhúlra, 1976  | 1976, Uimh. 39 |







---

*Uimhir 32 de 2013*

---

**AN tACHT UM CHÚIRTEANNA AGUS AN DLÍ SIBHIALTA  
(FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 2013**

[*An tiontú oifigiúil*]

---

Acht do leasú an Achta um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004, an Achta um Chúram Leanaí, 1991 agus an Achta Uchtála, 2010 chun a cheadú d'ionadaithe *bona fide* ón bPreas freastal i gcúirt, ach amháin in imthosca áirithe, le linn imeachtaí a éistear ar shlí seachas go poiblí; agus do dhéanamh socrú go dtoirmiscfear nó go srianfar foilsíú agus craoladh nithe ag na hionadaithe sin in imthosca áirithe; do leasú achtacháin éagsúla chun an teorainn airgeadaíochta atá le dlínse na Cúirte Cuarda i gcaingne díobhálacha pearsanta agus in ábhair shibhialta eile a mhéadú; do leasú achtacháin éagsúla chun an teorainn airgeadaíochta atá le dlínse na Cúirte Dúiche in ábhair shibhialta a mhéadú; d'aisghairm forálacha áirithe d'Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 2002; do leasú Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961 chun líon na ngnáthbhreithiúna den Chúirt Uachtarach a mhéadú go dtí naonúr; do leasú Acht na nGiúiréithe, 1976 chun socrú a dhéanamh maidir le breis giúróirí a roghnú i dtrialacha coiriúla fada; do leasú an Achta Cróinéirí, 1962 agus an Achta um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995 chun socrú a dhéanamh go ndéanfar cúnaimh dlíthiúil nó comhairle dlí, nó iad araon, i leith ionchoisní cróinéara, a sholáthar do theaghlaigh daoine éagtha in imthosca áirithe; do leasú an Achta Féimheachta, 1988; do leasú an Achta um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[24 Iúil, 2013]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

**CUID 1**

**RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA**

**1.—(1)** Féadfar an tAcht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013, a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal,  
tosach feidhme agus  
comhlua

(2) Tiocfaidh *ailt 2 go 12* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla, agus beidh feidhm ag na

Cd.1 A.1

[*Uimh. 32.*] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

hailt sin nó ag aon fhoráil díobh i ndáil le himeachtaí in aon chúirt cibé acu a thionscnaítear na himeachtaí sin roimh an lá a cheapfar amhlaidh i leith an ailt nó na forála lena mbaineann nó dá éis sin.

(3) Tiocfaidh *Cuid 3* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon fhoráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh le haghaidh forálacha éagsúla, ach ní bheidh feidhm ag an gCuid sin ná ag aon fhoráil di i ndáil le himeachtaí in aon chúirt arna dtionscnamh roimh an lá a cheapfar amhlaidh i leith na Coda lena mbaineann nó na forála lena mbaineann.

(4) Tiocfaidh *Cuid 7* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon fhoráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh le haghaidh forálacha éagsúla.

(5) Tiocfaidh *Cuid 8* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon fhorála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh le haghaidh forálacha éagsúla.

(6) Féadfar Achtanna na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 go 2013 a ghairm d'Achtanna na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 go 2012 agus *d'alt 17* le chéile.

(7) Féadfar Achtanna na gCróinéirí, 1962 go 2013 a ghairm d'Achtanna na gCróinéirí, 1962 agus 2005 agus *d'alt 24* le chéile.

Aisghairm

**2.—**(1) Aisghairtear ailt 13 go 18 d'Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 2002.

(2) Aisghairtear fo-alt (2) d'alt 40 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004.

(3) Aisghairtear fo-alt (5) d'alt 31 den Acht um Chúram Leanaí, 1991.

## CUID 2

### LEASÚ AR RIALACHA A BHAINNEANN LE HIMEACHTAÍ ÁIRITHE A ÉISTEAR AR SHLÍ SEACHAS GO POIBLÍ

Léiriú (*Cuid 2*)

**3.—**Sa Chuid seo—

ciallaíonn “Acht 1991” an tAcht um Chúram Leanaí, 1991;

ciallaíonn “Acht 2004” an tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004;

ciallaíonn “Acht 2010” an tAcht Uchtála, 2010.

Leasú ar alt 39 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004

**4.—**Leasaítear alt 39 d'Acht 2004—

(a) trí “an tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996;” a chur in ionad “an tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996.” sa mhíniú ar “Acht 1996”, agus

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013.*

CD.2 A.4

(b) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Acht 2010’ an tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010;

tá le ‘craoladh’ an bhrí chéanna atá leis in alt 2 den Acht Craolacháin, 2009;

ciallaíonn ‘foilsíú’ foilsíú don phobal nó do chuid den phobal seachas ar mhodh craolta;

ciallaíonn ‘achtachán iomchuí’ aon cheann de na forálacha seo a leanas:

- (a) alt 2(1B) (a cuireadh isteach le halt 20 d’Acht na gCúirteanna, 1971) den Acht Dlisteanais, 1931;
- (b) alt 45 d’Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 (a mhéid a bhaineann sé le cúiseanna nó ábhair maidir le pósadh, nó le hábhair maidir le mionaoisigh);
- (c) alt 25 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976;
- (d) alt 10 d’Acht 1976;
- (e) alt 36 den Acht um Stádas Leanaí, 1987;
- (f) alt 34 d’Acht 1989;
- (g) alt 7 den Acht Cothabhála, 1994;
- (h) alt 33 nó 38 d’Acht 1995;
- (i) alt 38 d’Acht 1996;
- (j) alt 16 den Acht um Fhoréigean Baile, 1996;
- (k) alt 18, 30, 31, 49, 54 nó 92 den Acht Uchtála, 2010;
- (l) alt 145 nó 199 d’Acht 2010.”.

5.—Leasaítear alt 40 d’Acht 2004 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

Leasú ar alt 40 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004

- “(3A) (a) Faoi réir mhír (b), ní oibreoidh aon ní in achtachán iomchuí chun toirmeasc a chur ar ionadaithe *bona fide* ón bPreas freastal ar imeachtaí lena mbaineann an t-achtachán iomchuí.
- (b) Faoi réir mhíreanna (c) agus (d), más rud é, in imeachtaí faoi achtachán iomchuí, gur deimhin le cúirt gur gá déanamh amhlaidh—
- (i) d’fhonn anaithnideacht páirtí sna himeachtaí, nó anaithnideacht aon linbh lena mbaineann na himeachtaí, a chaomhnú,

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
 2013.

- (ii) mar gheall ar chineál nó imthosca an cháis, nó
- (iii) de réir mar is gá, thairis sin, ar mhaithe leis an gceartas,

féadfaidh an chúirt, uaithi féin, nó ar iarratas chuici ó pháirtí sna himeachtaí nó ó dhuine thar ceann leanbh lena mbaineann na himeachtaí, le hordú—

- (I) ionadaithe *bona fide* ón bPreas a eisiamh ón gcúirt nó srian a chur, ar shlí eile, ar a bhfreastal sa chúirt, le linn na héisteachta nó codanna áirithe di, nó
- (II) toirmeasc nó srian a chur ar aon fhianaise arna tabhairt nó dá dtagraítear le linn na n-imeachtaí, nó ar aon chuid den fhianaise sin, a fhoilsíú nó a chraoladh,

agus i dtaca le haon srian, féadfaidh cibé coinníollacha is cuí leis an gcúirt a bheith in aon ordú den sórt sin.

- (c) Le linn do chúirt a chinneadh an ndéanfaidh nó nach ndéanfaidh sí ordú faoi mhír (b), beidh aird aici ar a inmhianaithe atá sé muinín an phobail as riaradh an cheartais a chur chun cinn agus ar aon ní eile is dealraitheach di a bheith iomchuí agus, go háirithe, beidh aird aici ar na nithe seo a leanas:
  - (i) leas linbh lena mbaineann na himeachtaí;
  - (ii) na tuairimí, más ann, atá acu seo a leanas—
    - (I) páirtí sna himeachtaí, agus
    - (II) leanbh lena mbaineann na himeachtaí agus a bhfuil ar a chumas nó ar a cumas, i dtuairim na cúirte, teacht ar a thuairimí féin nó ar a tuairimí féin;
  - (iii) an faisnéis íogair phearsanta faisnéis a thugtar, nó is dóigh a thabharfar, i bhfianaise;
  - (iv) a mhéid a d'fhéadfadh freastal ag ionadaithe *bona fide* ón bPreas toirmeasc a chur ar pháirtí sna himeachtaí nó ar leanbh lena mbaineann na himeachtaí, nó anó míchuí a chur ar pháirtí nó ar leanbh den sórt sin, mar gheall ar riocht mothúchánach an pháirtí nó an linbh lena mbaineann, nó mar gheall ar aon riocht sláinte dá chuid nó dá cuid, nó mar gheall ar aon mhallachar coirp nó míchumas intleachtúil atá air nó uirthi;
  - (v) an gá atá ann páirtí sna himeachtaí nó leanbh lena mbaineann na himeachtaí a chosaint ar chomhéigean, imeaglú, nó ciapadh;
  - (vi) an bhféadfadh faisnéis a thugtar, nó is dóigh a thabharfar, i bhfianaise dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil nó d'imeachtaí coiriúla;

- (vii) maidir le faisnéis a thugtar, nó is dóigh a thabharfar, i bhfianaise, an faisnéis í atá íogair ó thaobh na tráchtála de; agus
- (viii) maidir le faisnéis den chineál dá dtagraítear i bhfomhíreanna (iii), (vi) agus (vii), ar dhóigh di, dá bhfoilseofaí nó dá gcríoilfaí í, nuair a ghlactar í i dteannta faisnéis eile, cuidiú le daoine den phobal páirtí sna himeachtaí nó leanbh lena mbaineann na himeachtaí a aithint.
- (d) Le linn na tuairimí atá ag leanbh dá dtagraítear i gclásal (II) de mhír (c)(ii) a bhreithniú, déanfaidh cúirt aois agus leibhéal aibíochta an linbh lena mbaineann a chur i gcuntas.
- (e) I gcás go bhfuil baint ag fianaise in imeachtaí lena mbaineann achtachán iomchuí le ní dá dtagraítear i bhfomhír (vi) de mhír (c), féadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí iarratas a dhéanamh faoi mhír (b), nó féadfar iarratas den sórt sin a dhéanamh thar a cheann nó thar a ceann.
- (f) San fho-alt seo—

ciallaíonn ‘faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de’—

- (i) faisnéis airgeadais, tráchtála, eolaíochta nó theicniúil, nó faisnéis eile a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil go mbeadh de thoradh ar í a nochtadh caillteanas nó gnóchan airgeadais ábhartha don duine lena mbaineann sí, nó a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh do staid iomaíochta an duine sin i seoladh an ghnó atá aige nó aici nó thairis sin ina shlí bheatha nó ina slí bheatha, nó
- (ii) faisnéis a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh do sheoladh nó do thoradh caibidlí conarthacha nó caibidlí eile ag an duine lena mbaineann sí;

folaíonn ‘páirtí sna himeachtaí’ finné sna himeachtaí;

ciallaíonn ‘faisnéis íogair phearsanta’ faisnéis faoi dhuine nach mbeadh ar eolas, go hiondúil, ach amháin ag an duine nó ag daoine de theaghlach an duine, nó ag cairde an duine, agus folaíonn sé na nithe seo a leanas, ach ní bheidh sé teoranta dóibh—

- (i) faisnéis maidir le stair leighis, shíciatrach nó shíceolaíoch an duine,
- (ii) faisnéis maidir le gnóthaí cánach an duine,
- (iii) faisnéis maidir le hiompar gnéasach nó le gnéaschlaonadh an duine.”.

Cd.2

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

Leasú ar Chuid 3  
den Acht um  
Dhliteanas Sibhialta  
agus Cúirteanna,  
2004

6.—Leasaítear Acht 2004 i gCaibidil 2 de Chuid 3 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 40:

“Toirmeasc ar  
ábhair áirithe  
a fhoilsiú nó a  
chraoladh

40A.—(1) Ní fhoilseoidh ná ní chraolfaidh aon duine, ná ní chuirfidh sé nó sí faoi deara go bhfoilseofar nó go gcráolfar, aon fhaisnéis faoi ábhar ar dóigh di cuidiú le daoine den phobal na páirtithe in imeachtaí lena mbaineann achtachán iomchuí, nó aon leanbh lena mbaineann na himeachtaí sin, a aithint.

(2) Má fhoilsítear nó má chraoltar aon ábhar de shárú ar fho-alt (1), beidh gach duine de na daoine seo a leanas, eadhon—

- (a) i gcás foilsiú i nuachtán nó i dtréimhseachán, aon dlíseánach, aon eagarthóir agus aon fhoilsitheoir de chuid an nuachtáin nó an tréimhseacháin,
- (b) i gcás aon fhoilsiú eile, an duine a fhoilsíonn é, agus
- (c) i gcás craoladh, aon duine a tharchuireann nó a sholáthraíonn an clár ina ndéantar an craoladh agus aon duine ag a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis an gclár a fhreagraíonn d’fheidhmeanna eagarthóra nuachtáin,

ciontach i gcion agus dlífeair—

- (i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

- (3) (a) I gcás go ndéanann comhlacht corpraithe cion faoin alt seo agus go gcruthaítear go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúlcheadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí thoiiliúil ar thaobh, aon duine ba stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe nó aon duine a d’airbheartaigh a bheith ag gníomhú sa cháil sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus féadfar imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.
- (b) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

CD.2 A.6

chomhlachta sin, beidh feidhm ag mír (a) i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

(4) Ní dhéanfaidh aon ní san alt seo difear don dlí maidir le díspeagadh cúirte.”.

7.—Leasaítear alt 2 d’Acht 1991 trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

Leasú ar alt 2 den Acht um Chúram Leanáí, 1991

“tá le ‘craoladh’ an bhrí chéanna atá leis in alt 2 den Acht Craolacháin, 2009;

ciallaíonn ‘foilsíú’ foilsíú don phobal nó do chuid den phobal seachas ar mhodh craolta.”.

8.—Leasaítear alt 29 d’Acht 1991 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

Leasú ar alt 29 den Acht um Chúram Leanáí, 1991

“(5A) (a) Faoi réir mhír (b), ní oibreoidh aon ní san alt seo chun toirmeasc a chur ar ionadaithe *bona fide* ón bPreas freastal ar imeachtaí dá dtagraítear i bhfo-alt (1).

(b) Faoi réir mhíreanna (c) agus (d), más rud é, in imeachtaí dá dtagraítear i bhfo-alt (1), gur deimhin le cúirt gur gá déanamh amhlaidh—

(i) d’fhonn anaithnideacht páirtí sna himeachtaí, nó anaithnideacht aon linbh lena mbaineann na himeachtaí, a chaomhnú,

(ii) mar gheall ar chineál nó imthosca an cháis, nó

(iii) de réir mar is gá, thairis sin, ar mhaithe leis an gceartas,

féadfaidh an chúirt, uaithe féin, nó ar iarratas chuici ó pháirtí sna himeachtaí nó ó dhuine thar ceann leanbh lena mbaineann na himeachtaí, le hordú—

(I) ionadaithe *bona fide* ón bPreas a eisiamh ón gcúirt nó srian a chur, ar shlí eile, ar a bhfreastal sa chúirt, le linn na héisteachta nó codanna áirithe di, nó

(II) toirmeasc nó srian a chur ar aon fhianaise arna tabhairt nó dá dtagraítear le linn na n-imeachtaí, nó ar aon chuid den fhianaise sin, a fhoilsíú nó a chraoladh,

agus i dtaca le haon srian, féadfaidh cibé coinníollacha is cuí leis an gcúirt a bheith in aon ordú den sórt sin.

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
 2013.

- (c) Le linn do chúirt a chinneadh an ndéanfaidh nó nach ndéanfaidh sí ordú faoi mhír (b), beidh aird aici ar a inmhianaithe atá sé muinín an phobail as riaradh an cheartais a chur chun cinn agus ar aon ní eile is dealraitheach di a bheith iomchuí agus, go háirithe, beidh aird aici ar na nithe seo a leanas:
- (i) leas linbh lena mbaineann na himeachtaí;
  - (ii) na tuairimí, más ann, atá acu seo a leanas—
    - (I) páirtí sna himeachtaí, agus
    - (II) leanbh lena mbaineann na himeachtaí agus a bhfuil ar a chumas nó ar a cumas, i dtuairim na cúirte, teacht ar a thuairimí féin nó ar a tuairimí féin;
  - (iii) an faisnéis íogair phearsanta faisnéis a thugtar, nó is dóigh a thabharfar, i bhfianaise;
  - (iv) a mhéid a d'fhéadfadh freastal ag ionadaithe *bona fide* ón bPreas toirmeasc a chur ar pháirtí sna himeachtaí nó ar leanbh lena mbaineann na himeachtaí, nó anó míchuí a chur ar pháirtí nó ar leanbh den sórt sin, mar gheall ar riocht mothúchánach an pháirtí nó an linbh lena mbaineann, nó mar gheall ar aon riocht sláinte dá chuid nó dá cuid, nó mar gheall ar aon mhallachar coirp nó míchumas intleachtúil atá air nó uirthi;
  - (v) an gá atá ann páirtí sna himeachtaí nó leanbh lena mbaineann na himeachtaí a chosaint ar chomhéigean, imeaglú, nó ciapadh;
  - (vi) an bhféadfadh faisnéis a thugtar, nó is dóigh a thabharfar, i bhfianaise dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil nó d'imeachtaí coiriúla; agus
  - (vii) maidir le faisnéis den chineál dá dtagraítear i bhfomhíreanna (iii) agus (vi), ar dhóigh dí, dá bhfoilseofaí nó dá gcríoilfaí í, nuair a ghlactar í i dteannta faisnéis eile, cuidiú le daoine den phobal páirtí sna himeachtaí nó leanbh lena mbaineann na himeachtaí a aithint.
- (d) Le linn na tuairimí atá ag leanbh dá dtagraítear i gclásal (II) de mhír (c)(ii) a bhreithniú, déanfaidh cúirt aois agus leibhéal aibíochta an linbh lena mbaineann a chur i gcuntas.
- (e) I gcás go mbaineann fianaise in imeachtaí dá dtagraítear i bhfo-alt (1) le ní dá dtagraítear i bhfomhír (vi) de mhír (c), féadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí iarratas a dhéanamh faoi mhír (b), nó féadfar iarratas den sórt sin a dhéanamh thar a cheann nó thar a ceann.
- (f) San fho-alt seo—
- foláionn 'páirtí sna himeachtaí' finné sna himeachtaí;



[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

CD.2 A.8

ciallaíonn ‘faisnéis íogair phearsanta’ faisnéis faoi dhuine nach mbeadh ar eolas, go hiondúil, ach amháin ag an duine nó ag daoine de theaghlach an duine, nó ag cairde an duine, agus foláíonn sé na nithe seo a leanas, ach ní bheidh sé teoranta dóibh—

- (i) faisnéis maidir le stair leighis, shíciatrach nó shíceolaíoch an duine,
- (ii) faisnéis maidir le gnóthaí cánach an duine,
- (iii) faisnéis maidir le hiompar gnéasach nó le gnéaschlaonadh an duine.”.

9.—Leasaítear alt 31 d’Acht 1991—

Leasú ar alt 31 den  
Acht um Chúram  
Leanaí, 1991

(a) i bhfo-alt (1), trí “Ní fhoilseofar ná ní chraolfar” a chur in ionad “Ní fhoilseofar i bhfoilseachán scríofa atá ar fáil don phobal, ná ní chraolfar,”

(b) i bhfo-alt (3)—

(i) i mír (c), trí “aon duine” a chur in ionad “aon chomhlacht corpraithe”, agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad “ciontach i gcion agus dlífear ar é a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná £1,000, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air”:

“ciontach i gcion agus dlífear—

(i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi”,

agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) (a) I gcás go ndéanann comhlacht corpraithe cion faoin alt seo agus go gcruthaítear go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúlcheadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí thoiliúil ar thaobh, aon duine ba stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta corpraithe nó aon duine a d’airbheartaigh a bheith ag gníomhú sa cháil sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus féadfar imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amháil is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

Cd.2 A.9 [Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

(b) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta sin, beidh feidhm ag mír (a) i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena fheidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.”.

Leasú ar alt 18 den Acht Uchtála, 2010 **10.**—Leasaítear alt 18 d’Acht 2010 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(8) Is go príobháideach a éistfear iarratas ar cheadú faoin alt seo.”.

Leasú ar alt 30 den Acht Uchtála, 2010 **11.**—Leasaítear alt 30 d’Acht 2010 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(8) Is go príobháideach a éistfear iarratas ar cheadú faoin alt seo.”.

Leasú ar alt 31 den Acht Uchtála, 2010 **12.**—Leasaítear alt 31 d’Acht 2010 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) Is go príobháideach a éistfear imeachtaí faoin alt seo.”.

### CUID 3

#### DLÍNSE NA CÚIRTE DÚICHE AGUS NA CÚIRTE CUARDA

Léiriú (*Cuid 3*) **13.**—Sa Chuid seo—

ciallaíonn “Acht 1991” Acht na gCúirteanna, 1991;

ciallaíonn “Acht 2009” an tAcht um Chlúmhilleadh, 2009;

ciallaíonn “achtachán” reacht nó ionstraim a rinneadh faoi chumhacht arna tabhairt le reacht.

An teorainn airgeadaíochta atá le dlínse na Cúirte Cuarda a leathnú **14.**—Déantar gach foráil a shonraítear i *gcolún (3)* de *Chuid 1* den *Sceideal* de na hachtacháin a shonraítear sa *Chuid sin 1* agus lena dtugtar dlínse in ábhar sibhialta don Chúirt Cuarda, a leasú—

(a) trí “€75,000” a chur in ionad “£30,000” gach áit a bhfuil sé,

(b) trí “€75,000” a chur in ionad “€38,092.14” gach áit a bhfuil sé, agus

(c) trí “€75,000” a chur in ionad “€38,092” gach áit a bhfuil sé,

arb é an teorainn airgeadaíochta atá arna sonrú de thuras na huairde leis an dlínse arna tabhairt amhlaidh.

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013.*

CD.3

**15.**—Déantar gach foráil a shonraítear i *gcolún (3)* de *Chuid 2* den *Sceideal* de na hachtacháin a shonraítear sa *Chuid sin 2* agus lena dtugtar dlínse in ábhar sibhialta don Chúirt Dúiche, a leasú—

An teorainn airgeadaíochta atá le dlínse na Cúirte Dúiche a leathnú

- (a) trí “€15,000” a chur in ionad “£5,000” gach áit a bhfuil sé,
- (b) trí “€15,000” a chur in ionad “€6,348.69” gach áit a bhfuil sé, agus
- (c) trí “€15,000” a chur in ionad “€6,350” gach áit a bhfuil sé,

arb é an teorainn airgeadaíochta atá arna sonrú de thuras na huairde leis an dlínse arna tabhairt amhlaidh.

**16.**—Leasaítear an tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1936—

Leasú ar an Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936

- (a) i gCuid III, tríd an alt seo a leanas a chur isteach roimh alt 14:

“Léiriú (Cuid III)

12A.—Sa Chuid seo, tá le ‘caingean díobhálacha pearsanta’ an bhrí chéanna atá leis in alt 2 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004.”,

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 20:

“Dlínse na Cúirte Cuarda i gcaingne tarchurtha áirithe

20.—(1) Faoi réir fho-alt (2), i gcás go ndéanfaidh an Ard-Chúirt caingean ina n-éilítear damáistí neamhleachtaithe a tharchur nó a aistriú chuig an gCúirt Chuarda, beidh dlínse ag an gCúirt Chuarda chun damáistí is mó ná €75,000 a dhámhachtain.

(2) I gcás gur caingean díobhálacha pearsanta caingean dá dtagraítear i bhfo-alt (1), déanfar an tagairt san fho-alt sin do ‘€75,000’ a léamh mar ‘€60,000’.”,

agus

- (c) in alt 23—

- (i) i bhfo-alt (1)—

(I) trí “Faoi réir fho-alt (4), ní dhéanfar” a chur in ionad “Ní déanfar”, agus

(II) trí “€75,000” a chur in ionad “£30,000”,

- (ii) i bhfo-alt (2)—

(I) trí “Faoi réir fho-alt (4), féadfaidh duine” a chur in ionad “Féadfaidh duine”, agus

(II) trí “€75,000” a chur in ionad “£30,000” gach áit a bhfuil sé,

agus

[*Uimh. 32.*] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
 2013.

- (iii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) I gcás gur caingean díobhálacha pearsanta aicsean dá dtagraítear i bhfo-alt (1) nó (2), déanfar an tagairt sna fo-ailt sin do ‘€75,000’ a léamh mar ‘€60,000’.”.

Leasú ar Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961

**17.**—Leasaítear Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961—

- (a) in alt 33—

(i) i bhfo-alt (3), trí “€15,000” a chur in ionad “£5,000”,

- (ii) i bhfo-alt (4)(a)—

(I) trí “de réir bhrí an Achta um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995 nó dá dtagraíonn alt 17(2) den Acht sin” a chur in ionad “de réir bhrí na nAchtanna Fruilcheannaigh, 1946 agus 1960”, agus

(II) trí “€15,000” a chur in ionad “£5,000” (a cuireadh isteach le halt 6(2) d’Acht 1991),

- (b) sa Tríú Sceideal—

(i) ag uimhreacha tagartha 1, 2, 7, 11, 12, 13 agus 29, i gcolún (3), trí “€75,000” a chur in ionad “£30,000” (a cuireadh isteach le halt 2(1)(a) d’Acht 1991),

- (ii) ag uimhir thagartha 3—

(I) i gcolún (2), trí “de réir bhrí an Achta um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995 nó dá dtagraíonn alt 17(2) den Acht sin” a chur in ionad “de réir bhrí na nAchtanna Fruilcheannaigh, 1946 agus 1960”, agus

- (II) i gcolún (3)—

(A) trí “de réir bhrí an Achta sin” a chur in ionad “de réir bhrí na nAchtanna sin”, agus

(B) trí “€75,000” a chur in ionad “£30,000” (a cuireadh isteach le halt 2(1)(a) d’Acht 1991),

- (iii) ag uimhreacha tagartha 4 agus 5—

(I) i gcolún (2), trí “de réir bhrí an Achta um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995 nó dá dtagraíonn alt 17(2) den Acht sin” a chur in ionad “de réir bhrí na nAchtanna Fruilcheannaigh, 1946 agus 1960”, agus

(II) i gcolún (3) trí “€75,000” a chur in ionad “£30,000” (a cuireadh isteach le halt 2(1)(a) d’Acht 1991),

(iv) ag uimhir thagartha 6—

(I) i gcolún (2), trí “caingean clúmhillte de réir bhrí an Achta um Chlúmhillteadh, 2009,” (a cuireadh isteach le halt 41(a) d’Acht 2009) a scriosadh, agus

(II) i gcolún (3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad “Más mó ná £30,000 méid an éilimh.” (arna leasú le halt 2(1)(a) d’Acht 1991):

“Más rud é—

(a) i gcaingean díobhálacha pearsanta, de réir bhrí an Achta um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004, gur mó ná €60,000 méid an éilimh, nó

(b) i gcaingean nach caingean dá dtagraítear i mír (a), gur mó ná €75,000 méid an éilimh.”

(v) trí uimhir thagartha 7A (a cuireadh isteach le halt 41(b) d’Acht 2009) a scriosadh, agus

(vi) ag uimhir thagartha 14, trí “€75,000” a chur in ionad “£15,000” (a cuireadh isteach le halt 2(1)(b) d’Acht 1991),

agus

(c) sa Chúigiú Sceideal, i gcolún (3) os coinne lua an *Attorneys’ and Solicitors’ Act*, 1870 i gcolún (2), trí “€75,000” a chur in ionad “£30,000” (a cuireadh isteach le halt 2(2) d’Acht 1991).

**18.**—Leasaítear alt 10 den Acht um Dhílseánaigh Óstán, 1963—

Leasú ar alt 10 den Acht um Dhílseánaigh Óstán, 1963

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) trí “Faoi réir fho-alt (3), beidh dlínse ag an gCúirt Chuarda” a chur in ionad “Beidh dlínse ag an gCúirt Chuarda”, agus

(ii) trí “€75,000” a chur in ionad “£30,000”,

(b) i bhfo-alt (2), trí “€15,000” a chur in ionad “£5,000”, agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) (a) I gcás gur caingean díobhálacha pearsanta caingean dá dtagraítear i bhfo-alt (1), déanfar an tagairt san alt sin do ‘€75,000’ a léamh mar ‘€60,000’.

(b) San fho-alt seo, tá le ‘caingean díobhálacha pearsanta’ an bhrí chéanna atá leis in alt 2 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004.”.

Cd.3

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

Leasú ar alt 17  
d'Acht na  
gCúirteanna, 1981

**19.**—Leasaítear alt 17 (a cuireadh isteach le halt 14 d'Acht 1991) d'Acht na gCúirteanna, 1981—

(a) i bhfo-alt (2)—

(i) trí “Faoi réir fho-alt (3A), in aon chaingean” a chur in ionad “In aon chaingean”,

(ii) trí “€64,000” a chur in ionad “£25,000”, agus

(iii) trí “€75,000” a chur in ionad “£30,000”,

(b) i bhfo-alt (3)—

(i) trí “Faoi réir fho-alt (3A), in aon chaingean” a chur in ionad “In aon chaingean”,

(ii) trí “€15,000” a chur in ionad “£5,000”, agus

(iii) trí “€38,000” a chur in ionad “£15,000”,

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) I gcás gur caingean díobhálacha pearsanta caingean dá dtagraítear i bhfo-alt (2) nó (3)—

(a) déanfar an tagairt i bhfo-alt (2) do ‘€64,000’ a léamh mar ‘€51,000’ agus déanfar an tagairt do ‘€75,000’ a léamh mar ‘€60,000’, agus

(b) déanfar an tagairt i bhfo-alt (3) do ‘€38,000’ a léamh mar ‘€30,000’.”,

agus

(d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

“(6) San alt seo—

tá le ‘caingean díobhálacha pearsanta’ an bhrí chéanna atá leis in alt 2 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004;

foláonn ‘faoiseamh’ damáistí.”.

Leasú ar alt 15(2)  
d'Acht na  
gCúirteanna, 1991

**20.**—Leasaítear alt 15(2) d'Acht 1991—

(a) trí “€15,000” a chur in ionad “£5,000”, agus

(b) trí “€30,000” a chur in ionad “£10,000”.

Leasú ar an Acht  
um Páirtnéireacht  
Shibhialta agus um  
Chearta agus  
Oibleagáidí Áirithe  
de chuid  
Comhchónaitheoirí,  
2010

**21.**—Leasaítear an tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010—

(a) in alt 51(3), trí “€15,000” a chur in ionad “€6,350”, agus

(b) in alt 140—

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

CD.3 A.21

(i) i bhfo-alt (7), trí “€15,000” a chur in ionad “€6,350”, agus

(ii) i bhfo-alt (10)(b), trí “€15,000” a chur in ionad “€6,350”.

#### CUID 4

LEASÚ AR ACHT NA gCÚIRTEANNA (BUNÚ AGUS COMHDHÉANAMH),  
1961

**22.**—Leasaítear alt 1(2) (a cuireadh isteach le halt 6(1) d’Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995) d’Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961 tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

Leasú ar alt 1 d’Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961

“(b) líon nach mó ná naonúr gnáthbhreithiúna (a dtabharfar ‘Breitheamh den Chúirt Uachtarach’ (*Judge of the Supreme Court*) ar gach duine acu).”.

#### CUID 5

GIÚIRÉITHE I dTRIALACHA FADA

**23.**—Leasaítear Acht na nGiúiréithe, 1976—

Leasú ar Acht na nGiúiréithe, 1976

(a) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 15:

“Breis giúróirí

15A.—(1) Faoi réir fho-alt (2), aon tráth sula dtosófar ar ghiúiré a roghnú i dtrial saincheiste coiriúla de bhun alt 15, féadfaidh breitheamh den Chúirt Chuarda nó den Phríomh-Chúirt Choiriúil, de réir mar a bheidh, uaidh féin nó uaithi féin nó ar iarratas ón ionchúisitheoir nó ón duine cúisithe, a ordú go ndéanfar líon sonraithe daoine nach mó ná 15 a líon a roghnú chun fónamh mar ghiúróirí agus a chur faoi mhionn sa trial lena mbaineann.

(2) Ní dhéanfaidh breitheamh ordú dá dtagraítear i bhfo-alt (1) mura deimhin leis an mbreitheamh—

(a) gur dóigh gur faide ná 2 mhí ré trialach, agus

(b) gur bealach cuí é breis giúróirí a roghnú don trial chun a chinntiú gur leor an líon giúróirí chun go leanfaidh an giúiré de bheith comhdhéanta i gceart chun fíoras a thabhairt sa trial sin.

(3) Déanfar iarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (1)—

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
 2013.

(a) tráth nach déanaí ná 10 lá oibre sula dtosófar ar ghiúiré a roghnú i dtrial saincheiste coiriúla de bhun alt 15, agus

(b) iar bhfógra—

(i) i gcás gurb é an t-ionchúisitheoir a dhéanann an t-iarratas, do gach duine cúisithe sa trial, nó

(ii) i gcás gur duine cúisithe sa trial sin a dhéanann an t-iarratas, don ionchúisitheoir agus d'aon duine cúisithe eile sa trial lena mbaineann.

(4) I gcás go ndéantar ordú de bhun fho-alt (1), déanfar an líon daoine a shonraítear san ordú a roghnú chun fónamh mar ghiúróirí de bhun alt 15 agus cuirfear faoi mhionn iad sa trial lena mbaineann.

(5) Más rud é—

(a) go mbeidh giúróirí curtha faoi mhionn i dtrial saincheiste coiriúla tar éis ordú faoi fho-alt (1) a dhéanamh, agus

(b) díreach sula bhfágann an giúiré sa trial chun machnamh a dhéanamh faoi chomhair a fhíoraisc, go bhfuil níos mó ná 12 ghiúróir ar an ngiúiré,

ordóidh an breitheamh go roghnófar 12 ghiúróir as measc na ngiúróirí dá gcomhdhéantar an giúiré an tráth sin chun fágáil agus machnamh a dhéanamh faoi chomhair an fhíoraisc sa trial.

(6) Trí bhallóidiú i gcúirt oscailte a roghnófar giúróirí chun fágáil agus machnamh a dhéanamh faoi chomhair an fhíoraisc i dtrial de bhun ordachán faoi fho-alt (5).

(7) I gcás go dtógtar ballóid de bhun fho-alt (6)—

(a) maidir le haon ghiúróir a roghnaítear, fágfaidh sé nó sí chun machnamh a dhéanamh faoi chomhair an fhíoraisc sa trial lena mbaineann, agus

(b) déanfaidh an breitheamh giúróir nach roghnaítear a urscaoileadh.



[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

CD.5 A.23

(8) Aon ghiúiré a bheidh roghnaithe de bhun fho-alt (6) chun fágáil agus machnamh a dhéanamh faoi chomhair an fhórais i dtrial, leanfaidh sé de bheith ina ghiúiré arna chomhdhéanamh chun críocha na trialach agus rachaidh an trial sin ar aghaidh agus féadfar fíoras a chinneadh dá réir sin.”,

agus

(b) in alt 20—

(i) i bhfo-alt (2), trí “Faoi réir fho-alt (2A), i ngach trial saincheiste coiriúla” a chur in ionad “I ngach trial saincheiste coiriúla”, agus

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) I ngach trial saincheiste coiriúla a thriailfear le giúiré ina mbeidh na giúróirí roghnaithe tar éis ordú a dhéanamh faoi alt 15A, féadfaidh an t-ionchúisitheoir agus gach duine cúisithe agóid gan cúis a lua a dhéanamh in aghaidh ochtar giúróirí ar a mhéid.”.

#### CUID 6

#### CÚNAMH DLÍTHIÚIL AGUS COMHAIRLE DLÍ I NDÁIL LE HIONCHOISNÍ CRÓINÉIRÍ

**24.**—Leasaítear an tAcht Cróinéirí, 1962—

Leasú ar an Acht  
Cróinéirí, 1962

(a) in alt 29—

(i) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Tabharfaidh cróinéir cóip d’aon doiciméad a chaomhnóidh sé nó sí faoin alt seo do gach duine a iarrfaidh cóip den doiciméad sin agus, ach amháin i gcás a hiarrtha thar a gceann seo a leanas—

(a) Aire den Rialtas,

(b) an tArd-Aighne,

(c) an Garda Síochána,

(d) Óglaigh na hÉireann,

(e) Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, nó

(f) iarratasóir de réir bhrí alt 60,

éileoidh sé nó sí ar an gcóip cibé tuille a bheidh forordaithe.”,

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
 2013.

agus

- (ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Tabharfaidh cláráitheoir contae cóip d’aon doiciméad a chaomhnóidh sé nó sí faoin alt seo do gach duine a iarrfaidh cóip den doiciméad sin agus, ach amháin i gcás a hiarrtha thar a gceann seo a leanas—

- (a) Aire den Rialtas,
- (b) an tArd-Aighne,
- (c) an Garda Síochána,
- (d) Óglaigh na hÉireann,
- (e) Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, nó
- (f) iarratasóir de réir bhrí alt 60,

éileoidh sé nó sí ar an gcóip cibé táille a bheidh forordaithe.”,

agus

- (b) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 59:

“Cúnamh dlíthiúil agus comhairle dlí le haghaidh ionchoisní

60.—(1) I gcás go bhfuiltear chun ionchoisne i ndáil le bás duine a chur ar bun faoi Chuid III den Acht seo, féadfaidh duine de theaghlach an éagaigh (dá ngairtear ‘an t-iarratasóir’ san alt seo) iarratas a dhéanamh chun an chróinéara chun go gcuirfidh an cróinéir sin iarraidh faoi bhráid an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil i ndáil le cúnamh dlíthiúil nó comhairle dlí, nó iad araon, a dheonú don iarratasóir de bhun an Achta um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995.

(2) Déanfar iarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (1) roimh thosach an ionchoisne, mura gceadaíonn an cróinéir a mhalairt.

(3) Cinnfidh cróinéir iarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (1) agus tabharfaidh sé nó sí fógra don iarratasóir faoina chinneadh nó faoina cinneadh laistigh de 10 lá oibre tar éis an t-iarratas a fháil.

(4) Faoi réir fho-alt (5) agus (6), i gcás go bhfaighidh cróinéir iarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (1) i leith ionchoisne, iarrfaidh sé nó sí ar an mBord um Chúnamh Dlíthiúil cúnamh dlíthiúil nó comhairle dlí, nó iad araon, a dheonú don iarratasóir i leith an ionchoisne lena mbaineann.

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

CD.6 A.24

(5) Ní dhéanfaidh cróinéir iarraidh dá dtagraítear i bhfo-alt (4) mura rud é—

- (a) go raibh an t-éagach, tráth a bháis nó a bás nó díreach roimh a bhás nó a bás, i gcoimeád an Gharda Síochána,
- (b) go raibh an t-éagach, tráth a bháis nó a bás nó díreach roimh a bhás nó a bás, i gcoimeád i bpríosún de réir bhrí alt 2 d'Acht na bPríosún, 2007,
- (c) go raibh an t-éagach, tráth a bháis nó a bás nó díreach roimh a bhás nó a bás, i gcoimeád seirbhíse de réir bhrí alt 2 den Acht Cosanta, 1954,
- (d) go raibh an t-éagach, tráth a bháis nó a bás nó díreach roimh a bhás nó a bás, faoi choinneáil dá ainneoin nó dá hainneoin faoi Chuid 2 den Acht Meabhair-Shláinte, 2001 in ionad ceadaithe de réir bhrí alt 2 den Acht sin,
- (e) go raibh an t-éagach, tráth a bháis nó a bás nó díreach roimh a bhás nó a bás, faoi choinneáil in ionad ainmnithe de réir bhrí alt 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006 nó gur dhuine é nó í dá dtagraíonn alt 20 den Acht sin,
- (f) go raibh an t-éagach, tráth a bháis nó a bás nó díreach roimh a bhás nó a bás, i gcoimeád in ionad athchuir de réir bhrí alt 3 d'Acht na Leanaí, 2001 nó faoi choinneáil i scoil coinneála leanaí de réir bhrí an ailt sin,
- (g) go raibh an t-éagach, tráth a bháis nó a bás nó díreach roimh a bhás nó a bás, ina leanbh faoi chúram, nó
- (h) gurb é tuairim an chróinéara gur tharla bás an éagaigh in imthosca a mbeadh sé contúirteach do shláinte nó do shábháilteacht an phobail nó aon roinn den phobal dá bhfanadh na himthosca sin ann nó dá bhféadfaidís tarlú arís ionas gur mór ar mhaithe le leas an phobail é cúnamh dlíthiúil nó comhairle dlí, nó iad araon, a

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
 2013.

dheonú don duine de  
 theaghlach an duine éagtha,  
 chun críocha an ionchoisne  
 lena mbaineann.

(6) I gcás go ndeonóidh an Bord um Chúnamh Dlíthiúil cúnaimh dlíthiúil nó comhairle dlí, nó iad araon, d'iaratasóir i leith ionchoisne de dhroim iarraidh ó chróinéir faoi fho-alt (4), ní ceadmhach do dhuine den teaghlach aon iarratais bhreise a dhéanamh faoi fho-alt (1) i leith an ionchoisne lena mbaineann.

(7) San alt seo—

ciallaíonn ‘leanbh faoi chúram’ leanbh a bhí faoi chúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de bhun alt 4 nó Chuid III, IV nó IVA den Acht um Chúram Leanaí, 1991;

ciallaíonn ‘duine den teaghlach’ i ndáil le duine éagtha—

- (a) tuismitheoir, seanathair nó seanmháthair, leanbh, deartháir, deirfiúr, nia, neacht, uncail nó aintín, lánfhola nó leathfhola nó ó chleamhnas, leis an duine,
- (b) céile, páirtnéir sibhialta de réir bhrí an Achta um Páirtnéireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 nó páirtnéir comhchónaitheach an duine,
- (c) aon duine eile is duine de theaghlach an duine de ghnáth, nó
- (d) aon leanbh a cuireadh faoi chúram altrama leis an duine nó le haon duine dá dtagraítear i míreanna (a) go (c),

agus folaíonn sé tagairt d’aon duine den sórt sin dá theaghlach nó dá teaghlach ar uchtaíodh é nó í;

tá le ‘comhairle dlí’ an bhrí chéanna atá leis san Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995;

tá le ‘cúnaimh dlíthiúil’ an bhrí chéanna atá leis san Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995.”.

25.—Leasaítear an tAcht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995— Leasú ar an Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995

(a) in alt 1—

(i) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “iarratasóir”:

“ciallaíonn ‘iarratasóir’, faoi réir fho-alt (1A), duine a dhéanann iarratas ar chúnamh dlíthiúil nó ar chomhairle dlí, nó orthu araon;”,

agus

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Maidir le duine a mbeidh iarraidh ar chúnamh dlíthiúil nó ar chomhairle dlí, nó orthu araon, déanta ag cróinéir ina leith chuig an mBord de bhun alt 60 den Acht Cróinéirí, 1962, measfar gur iarratasóir é nó í chun críocha an Achta seo.”,

(b) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 24:

“Srian leis an gceart iarratas a dhéanann ar chúnamh dlíthiúil agus ar chomhairle dlí 24A.—Ní dheonófar cúnaimh dlíthiúil ná comhairle dlí do dhuine i ndáil le hionchoisne faoi Chuid III den Acht Cróinéirí, 1962 mura rud é go bhfuil iarratas déanta ag cróinéir chuig an mBord ar chúnamh dlíthiúil nó ar chomhairle dlí, nó orthu araon, de bhun alt 60 den Acht sin i leith an duine.”,

(c) in alt 26(3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) cáileoidh duine le haghaidh comhairle dlí, i leith ní dá dtagraítear in alt 28(9)(a), sna cásanna a luaitear i bhfomhíreanna (i) go (v) agus (vii) d’alt 28(9)(c).”,

(d) in alt 27—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) San Acht seo, ciallaíonn ‘cúnaimh dlíthiúil’ ionadaíocht ag atur nae de chuid an Bhoird, nó ag atur nae nó abhcóide a bheidh ar fostú ag an mBord faoi alt 11, in aon imeachtaí sibhialta a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir leo nó ag ionchoisne faoi Chuid III den Acht Cróinéirí, 1962, agus foláíonn sé an cúnaimh sin go léir is gnách le haturnaé nó le habhcóide, de réir mar a bheidh, a thabhairt in oirchill imeachtaí nó ionchoisne den sórt sin, nó coimhdeach leis an gcéanna nó i dtaca leis an gcéanna, agus cibé acu chun teacht ar aon socraíocht in imeachtaí nó chun éifeacht a thabhairt d’aon socraíocht in imeachtaí nó ar shlí eile.”,

agus

[*Uimh. 32.*] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
 2013.

- (ii) i bhfo-alt (2), trí “Tá feidhm ag an alt seo maidir le hionchoisne faoi Chuid III den Acht Cróinéirí, 1962 i gcás go bhfuil iarraidh ar chúnamh dlíthiúil déanta ag cróinéir chuig an mBord de bhun alt 60 den Acht sin agus maidir le gach imeacht sibhialta seachas imeachtaí a bhaineann le” a chur in ionad “Tá feidhm ag an alt seo maidir le gach imeacht sibhialta seachas iad siúd a bhaineann le”,

agus

- (e) in alt 28—

- (i) i bhfo-alt (2), trí “a dheonú faoin alt seo do dhuine, seachas duine dá dtagraítear i bhfo-alt (2A), más rud é, i dtuairim an Bhoird” a chur in ionad “a dheonú faoin alt seo do dhuine más rud é, i dtuairim an Bhoird”,

- (ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Faoi réir ailt 24 agus 29 agus na bhforálacha eile den alt seo agus rialacháin (más ann) arna ndéanamh faoi alt 37, deonóidh an Bord deimhniú um chúnamh dlíthiúil faoin alt seo do dhuine ar ina leith atá iarraidh ar chúnamh dlíthiúil nó ar chomhairle dlí, nó orthu araon, déanta ag cróinéir chuig an mBord de bhun alt 60 den Acht Cróinéirí, 1962 más rud é, i dtuairim an Bhoird, go gcomhlíonann an duine na critéir maidir le hincháilitheacht airgeadais a shonraítear in alt 29.”,

agus

- (iii) i bhfo-alt (9)(c), trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhír (vi):

“(vi) i leith ábhar tíolacais atá bainteach le hábhar a bhfuil cúnaimh dlíthiúil nó comhairle dlí deonaithe cheana féin maidir leis;

(vii) i leith ionchoisne faoi Chuid III den Acht Cróinéirí, 1962 i gcás go bhfuil iarraidh ar chúnamh dlíthiúil déanta ag cróinéir chuig an mBord de bhun alt 60 den Acht sin.”.

## CUID 7

### FÉIMHEACHT

Léiriú (*Cuid 7*)

**26.**—Sa Chuid seo, ciallaíonn “Acht 1988” an tAcht Féimheachta, 1988.

Leasú ar alt 3 d’Acht 1988

**27.**—Leasaítear alt 3 d’Acht 1988—

- (a) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “an Cigire Féimheachta”:

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

CD.7 A.27

“ciallaíonn ‘Cigire Féimheachta’ duine atá arna cheapadh nó arna ceapadh de thuras na huaire—

(i) chuig post an Chigire Féimheachta in Oifig an tSannaí Oifigiúil i bhFéimheacht an lá sula dtiocfaidh *alt 29 den Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013* i ngníomh, nó

(ii) chuig post an Chigire Féimheachta de bhun alt 12 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012;”,

(b) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Stiúrthóir’ Stiúrthóir na Seirbhíse Dócmhainneachta;”,

agus

(c) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhíniú ar “an Sannaí Oifigiúil”:

“ciallaíonn ‘Sannaí Oifigiúil’ duine atá arna cheapadh nó arna ceapadh de thuras na huaire—

(i) chuig post an tSannaí Oifigiúil i bhFéimheacht in Oifig an tSannaí Oifigiúil i bhFéimheacht an lá sula dtiocfaidh *alt 29 den Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013* i ngníomh, nó

(ii) chuig post an tSannaí Oifigiúil de bhun alt 12 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012;”.

**28.**—Leasaítear alt 8 d’Acht 1988—

Leasú ar alt 8  
d’Acht 1988

(a) i bhfo-alt (1) (arna ionadú le halt 144 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012), trí “fógra 14 lá ar a laghad san fhoirm fhorordaithe” a chur in ionad “fógra 14 lá ar a laghad” i mír (c), agus

(b) i bhfo-alt (3), trí “laistigh de 14 lá” a chur in ionad “laistigh de cheithre lá”.

**29.**—Leasaítear Acht 1988 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 60:

Leasú ar alt 60  
d’Acht 1988

“An Sannaí  
Oifigiúil

60.—(1) Beidh ag an Sannaí Oifigiúil cibé feidhmeanna a shanntar dó leis an Acht seo nó le haon achtachán eile, nó faoin gcéanna, agus faoi réir an ailt seo, ailt 60A go 60C agus an Achta um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012, leanfaidh cibé cumhachtaí agus feidhmeanna ab infheidhmithe ag an Sannaí Oifigiúil i bhFéimheacht go nuige seo de bheith infheidhmithe ag an Sannaí Oifigiúil.

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
 2013.

(2) Beidh an Sannaí Oifigiúil ina chomhalta d'fhoireann na Seirbhíse Dócmhainneachta.

(3) Faoi réir fho-ailt (4) go (6), beidh an Sannaí Oifigiúil neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna faoin Acht seo agus faoi aon achtachán eile.

(4) Beidh an Sannaí Oifigiúil, i ndáil le nithe a bhaineann le riarachán ginearálta, faoi réir threorú ginearálta an Stiúrthóra.

(5) Le linn don Sannaí Oifigiúil aon fheidhm a chomhlíonadh a bhaineann le gnó cúirte, nó le linn dó gníomhú faoi ordú cúirte nó de bhun ordú cúirte, urramóidh sé agus déanfaidh sé de réir cibé ordacháin a thabharfaidh an chúirt dó.

(6) Is oifigeach don chúirt an Sannaí Oifigiúil d'fhonn a fheidhmeanna faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile a chomhlíonadh.

(7) Faoi réir ailt 60B agus 60C, beidh feidhm ag fo-ailt (3) go (6) maidir le comhalta d'fhoireann na Seirbhíse Dócmhainneachta—

(a) a mbeidh feidhmeanna de chuid an tSannaí Oifigiúil tarmligthe chuige faoi alt 60B, i leith na bhfeidhmeanna sin, nó

(b) a bheidh ainmnithe faoi alt 60C, i leith na bhfeidhmeanna sin,

fad a fhanfaidh an tarmligeán nó an t-ainmniú i bhfeidhm agus is infheidhmithe é ag an gcomhalta foirne lena mbaineann.

(8) Ní shealbhóidh an Sannaí Oifigiúil, gan ceadú ón Stiúrthóir, aon oifig ná aon phost eile a bhfuil luach saothair iníoctha ina leith, ná ní sheolfaidh sé aon ghnó, trádáil ná gairm.

(9) San alt seo agus in ailt 60A go 60C, ciallaíonn tagairt d'achtachán—

(a) Acht den Oireachtas,

(b) reacht a bhí i bhfeidhm i Saorstát Éireann díreach roimh an dáta a tháinig an Bunreacht i ngníomh agus a leanann i bhfeidhm de bhua Airteagal 50 den Bhunreacht, nó

(c) ionstraim arna déanamh—

(i) faoi Acht den Oireachtas, nó

(ii) faoi reacht dá dtagraítear i mír (b).



Oifig an  
tSannaí  
Oifigiúil —  
Aistriú foirne

60A.—(1) Tá feidhm ag an alt seo—

(a) maidir leis an duine a shealbhaigh oifig an tSannaí Oifigiúil i bhFéimheacht (dá ngairtear an Sannaí Oifigiúil freisin) díreach roimh theacht i ngníomh don alt seo, agus

(b) maidir le gach duine a bhí, díreach roimh theacht i ngníomh don alt seo, ina chomhalta d'fhoireann na Seirbhíse Cúirteanna a sannadh d'Oifig an tSannaí Oifigiúil i bhFéimheacht.

(2) Ar theacht i ngníomh don alt seo, déanfar gach comhalta d'fhoireann na Seirbhíse Cúirteanna a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir leis a thabhairt ar iasacht don tSeirbhís Dócmhainneachta ar feadh tréimhse 2 bhliain.

(3) Ar dhul in éag don tréimhse iasachta dá dtagraítear i bhfo-alt (2), maidir le gach duine a tugadh ar iasacht faoin bhfo-alt sin—

(a) déanfar é a aistriú go cinntitheach chuig foireann na Seirbhíse Dócmhainneachta, nó

(b) faoi réir fho-alt (4), feidhmeoidh sé ceart chun filleadh ar fholúntas oiriúnach ar fhoireann na Seirbhíse Cúirteanna.

(4) Má dhéanann duine a tugadh ar iasacht faoi fho-alt (2) ceart a fheidhmiú faoi fho-alt (3)(b) filleadh ar fhoireann na Seirbhíse Cúirteanna ach mura bhfuil aon fholúntas oiriúnach ann ar fhoireann na Seirbhíse Cúirteanna, aistrefar an duine lena mbaineann chuig folúntas oiriúnach i gcomhlacht seirbhíse poiblí.

(5) Aon duine—

(a) a thugtar ar iasacht faoi fho-alt (2),

(b) a aistrítear faoi fho-alt (3)(a) nó faoi fho-alt (4), nó

(c) a fhilleann ar an tSeirbhís Chúirteanna faoi fho-alt (3)(b),

ach amháin de réir comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann, ní lú an scála pá ná ní lú fabhar na sochair aoisliúntais a gheobhaidh sé ná an scála pá agus na sochair aoisliúntais a raibh teideal aige chuige nó chucu díreach roimh an iasacht, an aistriú nó an bhfillleadh lena mbaineann.

(6) Maidir le duine a thugtar ar iasacht faoi fho-alt (2), measfar gur comhalta d'fhoireann na

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
 2013.

Seirbhíse Dócmhainneachta é le linn thréimhse na hiasachta.

(7) Faoi réir fho-alt (3)(a)—

- (a) maidir leis an duine a shealbhaigh oifig an tSannaí Oifigiúil i bhFéimheacht díreach roimh theacht i ngníomh don alt seo, leanfaidh sé in oifig mar Shannaí Oifigiúil, agus
- (b) maidir leis an duine a shealbhaigh post an Chigire Féimheachta díreach roimh theacht i ngníomh don alt seo, leanfaidh sé de phost an Chigire Féimheachta a shealbhú.

(8) San alt seo—

- (a) tá le ‘comhlacht seirbhíse poiblí’ an bhrí a shanntar dó le halt 5 den Acht um Pinsín na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012;
- (b) ciallaíonn ‘ceardchumann nó comhlachas foirne aitheanta’ ceadchumann nó comhlachas foirne atá aitheanta ag an Aire chun críocha caibidlí a bhaineann le luach saothair nó le coinníollacha fostaíochta nó le coinníollacha oibre fostaithe.

Feidhmeanna an tSannaí Oifigiúil a tharmligean

60B.—(1) Féadfaidh an Sannaí Oifigiúil na nithe seo a leanas a tharmligean i scríbhinn chuig comhalta sonraithe d’fhoireann na Seirbhíse Dócmhainneachta—

- (a) aon cheann dá fheidhmeanna faoin Acht seo i ndáil le hábhar féimheachta nó comhshocraíochta sonracha, nó
- (b) aon cheann dá fheidhmeanna faoi aon achtachán eile.

(2) Beidh tarmligean faoi fho-alt (1) faoi réir cibé coinníollacha nó teorainneacha maidir le comhlíonadh aon cheann de na feidhmeanna a tharmligear, nó maidir le tráth nó imthoisc, a shonrófar sa tarmligean.

(3) Féadfaidh an Sannaí Oifigiúil aon tarmligean a dhéanfar faoi fho-alt (1) a chúlghairm nó a athrú i scríbhinn.

(4) Féadfar níos mó ná tarmligean amháin a dhéanamh agus féadfaidh éifeacht a bheith leis faoi fho-alt (1) aon tráth áirithe.

(5) Faoi réir fho-alt (2), maidir le duine a mbeidh feidhmeanna an tSannaí Oifigiúil tarmligthe chuige faoi fho-alt (1), beidh aige, fad a fhanfaidh an tarmligean i bhfeidhm, cumhachtaí

uile an tSannaí Oifigiúil i leith na bhfeidhmeanna atá tarmligthe chuige, chomh hiomlán agus dá mba é a bhí i seilbh na hoifige sin, agus beidh ar áireamh sna cumhachtaí sin, i gcás go sonraítear amhlaidh sa tarmligean, an chumhacht chun maoin nó sócmhainní a dhíol, a aistriú nó a dhiúscairt ar shlí eile in ainm an tSannaí Oifigiúil agus thar a cheann.

(6) Ní dhéanfar, le haon ní san alt seo, difear do dhílsiú maoin don Sannaí Oifigiúil de réir alt 44.

(7) In aon imeachtaí dlí, maidir le deimhniú—

(a) atá sínithe ag an Sannaí Oifigiúil,

(b) ina ndeirtear go ndearnadh aon fheidhm de chuid an tSannaí Oifigiúil i ndáil le hábhar féimheachta a tharmligean ar dháta sonraithe chuig comhalta sonraithe d'fhoireann na Seirbhíse Dócmhainneachta, agus

(c) ina ndeirtear gur fhan tarmligean na feidhme i bhfeidhm ar dháta sonraithe,

is cruthúnas é, cheal fianaise ar a mhalairt, ar na nithe a deirtear sa deimhniú.

(8) Beidh deimhniú dá dtagraítear i bhfo-alt (7) ar dealraitheach é a bheith sínithe ag an Sannaí Oifigiúil inghlactha in aon imeachtaí mar fhianaise ar na nithe a deirtear sa deimhniú gan cruthúnas ar a shíniú.

Ionadaí don  
Sannaí  
Oifigiúil

60C.—(1) Féadfaidh an Stiúrthóir comhalta d'fhoireann na Seirbhíse Dócmhainneachta a ainmniú, i scríbhinn, chun bheith ina ionadaí don Sannaí Oifigiúil agus déanfaidh an comhalta foirne a ainmneofar amhlaidh, le linn gach trátha a bheidh an Sannaí Oifigiúil as láthair go sealadach nó faoi éagumas go sealadach de dheasca breoiteachta agus le linn gach ócáide a bheidh oifig an tSannaí Oifigiúil folamh agus a tharlóidh fad a bheidh an t-ainmniú sin i bhfeidhm, na feidhmeanna a shanntar don Sannaí Oifigiúil faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile, a chomhlíonadh.

(2) Beidh ainmniú faoi fho-alt (1) faoi réir cibé coinníollacha nó teorainneacha maidir le tráth nó imthoisc, a shonrófar san ainmniú.

(3) Féadfaidh an Stiúrthóir, aon tráth, ainmniú a dhéanfar faoi fho-alt (1) a chúlghairm nó a athrú i scríbhinn.

(4) Faoi réir fho-alt (2), maidir le duine a bheidh ainmnithe faoi fho-alt (1), beidh aige, le linn dó feidhmeanna an tSannaí Oifigiúil a chomhlíonadh, cumhachtaí uile an tSannaí Oifigiúil chomh hiomlán agus dá mba é a bhí i

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
 2013.

seilbh na hoifige sin, agus beidh ar áireamh sna cumhachtaí sin an chumhacht chun maoin nó sócmhainní a dhíol, a aistriú nó a dhiúscairt ar shlí eile in ainm an tSannaí Oifigiúil agus thar a cheann.

(5) In aon imeachtaí dlí, maidir le deimhniú—

- (a) atá sínithe ag an Stiúrthóir,
- (b) ina ndeirtear go ndearnadh comhalta foirne sonraithe de chuid na Seirbhíse Dócmhainneachta a ainmniú ar dháta sonraithe, de réir fho-alt (1), chun bheith ina ionadaí don Sannaí Oifigiúil, agus
- (c) ina ndeirtear gur fhan an t-ainmniú i bhfeidhm ar dháta sonraithe,

is cruthúnas é, cheal fianaise ar a mhalairt, ar na nithe a deirtear sa deimhniú.

(6) Beidh deimhniú dá dtagraítear i bhfo-alt (5) ar dealraitheach é a bheith sínithe ag an Stiúrthóir inghlactha in aon imeachtaí mar fhianaise ar na nithe a deirtear sa deimhniú gan cruthúnas ar a shíniú.

Taifid a aistriú chuig an tSeirbhís Dócmhainneachta

60D.—Déanfar na doiciméid agus na taifid uile a bheidh i gcoimeád agus faoi rialú na Seirbhíse Cúirteanna agus a bhaineann le hOifig an tSannaí Oifigiúil i bhFéimheacht díreach roimh theacht i ngníomh *d’alt 29 den Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013* a aistriú, ar theacht i ngníomh don alt sin, chuig an tSeirbhís Dócmhainneachta.”.

Leasú ar alt 63 d’Acht 1988

**30.**—Leasaítear alt 63 d’Acht 1988 i mír (b) trí “le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoin Acht seo” a chur in ionad “le rialacha cúirte”.

Leasú ar alt 69 d’Acht 1988

**31.**—Leasaítear alt 69 d’Acht 1988—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) An t-airgead agus na hurrúis go léir a ghlacfaidh an Sannaí Oifigiúil, ar cuid iad d’eastát féimhigh, lóisteálfaidh sé láithreach iad i gcuntas i mBanc Ceannais na hÉireann nó i mbanc a bheidh údaraithe chun gnó a sheoladh sa Stát agus coimeádfar ansin iad chun creidmheas an tSannaí Oifigiúil faoi réir fhorálacha an Achta seo, aon rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (6) agus ordacháin na Cúirte.”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

CD.7 A.31

“(6) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an tSeirbhís Dócmhainneachta, foráil a dhéanamh le rialacháin maidir leis an tslí ina ndéanfaidh an Sannaí Oifigiúil cuntais dá dtagraítear i bhfo-alt (3) a chothabháil agus maidir le nithe a bhaineann le cuntais den sórt sin a choimeád.”.

32.—Aisghairtear alt 83 d’Acht 1988.

Alt 83 d’Acht 1988  
a aisghairm

33.—Leasaítear Acht 1988 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 84:

Leasú ar alt 84  
d’Acht 1988

“An Sannaí  
Oifigiúil —  
Cuntas  
Díbhinne  
Neamhéilithe

84.—(1) Cuirfidh an Sannaí Oifigiúil faoi deara cuntas a oscailt—

(a) i mBanc Ceannais na hÉireann, nó

(b) i mbanc a bheidh údaraithe chun gnó a sheoladh sa Stát,

agus “An Sannaí Oifigiúil — Cuntas Díbhinne Neamhéilithe” a thabharfar ar aon chuntas den sórt sin agus forléireofar tagairt san alt seo do “cuntas iomchuí” mar thagairt do chuntas den sórt sin.

(2) Íocfaidh an Sannaí Oifigiúil isteach i gcuntas iomchuí gach díbhinn neamhéilithe agus gach airgead neamhéilithe ar cuid iad d’eastát aon fhéimhigh.

(3) (a) Beidh an Sannaí Oifigiúil i dteideal gach díbhinn a éilítear go dleathach chomh maith leis na suimeanna dá bhforáiltear le halt 61(3)(k) a íoc as cuntas iomchuí.

(b) D’fhonn foráil shealadach a dhéanamh le haghaidh íocaíochtaí nach mbeidh aon chistí ar fáil dóibh láithreach san eastát ar leith ar ina aghaidh is inmhuirearaithe iad, féadfar cibé suimeanna, faoi réir cibé coinníollacha, a bheidh forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire a íoc as cuntas iomchuí chun creidmheas an tSannaí Oifigiúil i gcuntas ar leith sa bhanc sin.

(4) Féadfaidh an Sannaí Oifigiúil, le cead na Cúirte, an t-airgead go léir nó aon chuid den airgead a bheidh chun creidmheas cuntais iomchuí a infheistiú ó am go ham agus íocfar isteach i gcuntas iomchuí an t-ús ar na hinfheistíochtaí.

(5) Féadfaidh an Chúirt a ordú go n-íocfar leis an Sannaí Oifigiúil as cuntas iomchuí cibé suim ar mhodh slánaíochta i leith aon damáistí, costais nó caiteachais is iníochta aige nó a thabhaíonn sé nó a bheidh iníochta nó le tabhú aige le haghaidh, nó de bhíthin, aon ghníomh nó ní a dhéanann sé le

Cd.7 A.33

[*Uimh. 32.*] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

linn dó a bheith ag gníomhú mar Shannaí Oifigiúil a mheasann an Chúirt a bheith cóir, lena n-áirítear na costais a bhaineann le haon imeachtaí arna dtionscnamh ag an Sannaí Oifigiúil le cead na Cúirte i gcás nach mbeidh dóthain cistí ann maidir leis an ábhar.

(6) Ní bheidh cuntas iomchuí ar fáil chun aon chríche seachas críocha an ailt seo.

(7) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an tSeirbhís Dócmhainneachta, na nithe seo a leanas a fhorordú le rialacháin—

- (a) an tslí ina ndéanfaidh an Sannaí Oifigiúil cuntas iomchuí a chothabháil,
- (b) na críocha chun a bhféadfar cistí a aistarraingt as cuntas iomchuí de bhun fho-alt (3)(b),
- (c) na teorainneacha airgid a bhaineann le haistarraingt cistí as cuntas iomchuí de bhun fho-alt (3)(b), agus
- (d) na coinníollacha ar faoina réir is féidir cistí a aistarraingt as cuntas iomchuí de bhun fho-alt (3)(b)."

Leasú ar alt 85B  
d'Acht 1988

**34.**—Leasaítear alt 85B d'Acht 1988 (a cuireadh isteach le halt 157 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Déanfar foráil le hordú urscaoilte maidir le haon mhaoin de chuid an fhéimhigh a bheidh an tráth sin dílsithe don Sannaí Oifigiúil, go ndéanfar í a athdhílsiú nó a thabhairt ar ais don fhéimheach, agus measfar chun gach críche gur tíolacadh, sannadh nó aistriú ar an maoin sin don fhéimheach nó chuig an bhféimheach an t-ordú sin agus, más cuí, féadfar é a chlárú dá réir sin.”.

Alt 86A a chur  
isteach in Acht 1988

**35.**—Leasaítear Acht 1988 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 86 ach i gCuid IV:

“Toirmeasc ar  
achainí le  
haghaidh  
comh-  
shocraíochta a  
thíolacadh faoi  
alt 87

86A.—Ní dhéanfaidh duine achainí a thíolacadh don Chúirt faoi alt 87 tar éis *d'alt 35 den Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta, (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013* teacht i ngníomh.”.

Leasú ar alt 144  
d'Acht 1988

**36.**—Leasaítear Acht 1988 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 144:

“Rialacháin  
agus orduithe

144.—(1) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialachán faoin Acht seo is dóigh leis an Aire is gá nó is fóirsteanach chun críocha na rialachán.

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

CD.7 A.36

(2) Gach rialachán a dhéantar faoin Acht seo agus gach ordú a dhéantar faoi alt 142(2) nó 143, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú nó an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe nó an rialacháin, beidh an t-ordú nó an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú nó faoin rialachán .”.

**37.**—Déantar alt 6 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 agus Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht sin, a aisghairm.

Alt 6 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 agus Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht sin a aisghairm

**38.**—Leasaítear alt 9(1) den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (j):

Leasú ar alt 9 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012

“(ja) faoi réir alt 60(3) den Acht Féimheachta, 1988, na feidhmeanna a shanntar don Sannaí Oifigiúil leis an Acht Féimheachta, 1988 nó le haon achtachán eile a riaradh,”.

**39.**—Leasaítear alt 17 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 trí na fo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

Leasú ar alt 17 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012

“(2) Faoi réir fho-alt (2A), coimeádfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta, i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasaíochta a cheadóidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách—

(a) ar airgead a bheidh faighte agus caite ag an tSeirbhís Dócmhainneachta, lena n-áirítear cuntas ioncain agus caiteachais, agus clár comhardaithe, agus

(b) a bhaineann le feidhmeanna an tSannaí Oifigiúil faoin Acht Féimheachta, 1988 nó faoi aon achtachán eile.

(2A) Maidir le cuntais a cheanglaítear ar an Sannaí Oifigiúil a chothabháil faoin Acht Féimheachta, 1988 i ndáil le heastáit féimheach nó i leith díbhinní neamhéilithe, coimeádfar iad ar shlí nach ndéanfar airgead ná urrúis ná ús arna fhabhrú nó arna thuilleamh ar an gcéanna i ndáil le heastáit féimheach ná díbhinní neamhéilithe a mheascadh le hairgead a shealbhaíonn an tSeirbhís Dócmhainneachta thairis sin.”.

**40.**—Leasaítear alt 20 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012—

Leasú ar alt 20 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Faoi réir fho-alt (5), féadfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta, le toiliú an Aire, agus, má ordáíonn an

[*Uimh. 32.*] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
 2013.

tAire di déanamh amhlaidh, déanfaidh sí, de réir théarmaí an ordacháin, na táillí a bheidh le híoc léi agus an tráth a dhlítear iad a íoc, a fhorordú le rialacháin i leith na nithe seo a leanas—

(a) (i) comhlíonadh feidhmeanna,

(ii) soláthar seirbhísí, agus

(iii) seoladh gníomhaíochtaí,

aici faoin Acht seo, agus

(b) an Sannaí Oifigiúil do chomhlíonadh feidhmeanna faoin Acht Féimheachta, 1988 nó faoi aon achtachán eile.”,

agus

(b) i bhfo-alt (5), trí “nó le linn don Sannaí Oifigiúil a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht Féimheachta, 1988 nó faoi aon achtachán eile a chomhlíonadh,” a chur isteach i ndiaidh “faoin Acht seo a chomhlíonadh,”.

Leasuithe  
 ilghnéitheacha ar  
 achtacháin de  
 dhroim aistriú an  
 tSannaí Oifigiúil  
 chuig an tSeirbhís  
 Dócmhainneachta

**41.**—(1) Leasaítear alt 32(3) den Acht Aturnaetha (Leasú), 1960 trí “beidh cibé táille a fhorordófar faoi alt 20 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 iníoctha” a chur in ionad “beidh na táillí cúirte sin is iníoctha ar chuntas réadaithe ag an Sannaí Oifigiúil in ábhar féimheachta iníoctha san Oifig Féimheachta”.

(2) Leasaítear an tOchtú Sceideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961—

(a) i mír 2, trí “Oifig an tSannaí Oifigiúil i bhFéimheacht,” a scriosadh,

(b) i mír 3, trí “An Sannaí Oifigiúil i bhFéimheacht,” a scriosadh, agus

(c) trí mhír 9 a scriosadh.

(3) Leasaítear Cuid 2 den Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001—

(a) i mír 1, trí fhomhír (g) a scriosadh, agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (3):

“3A.—Cuntas arna shealbhú ag an Sannaí Oifigiúil.”.

(4) Leasaítear alt 2(1) den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

“tá le ‘Sannaí Oifigiúil’ an bhrí chéanna atá leis san Acht Féimheachta, 1988;”.



[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.]  
Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.  
CUID 8

LEASÚ AR AN ACHT UM DHÓCMHAINNEACHT PHEARSANTA, 2012

**42.**—Sa Chuid seo, ciallaíonn “Acht 2012” an tAcht um Míniú (*Cuid 8*) Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012.

**43.**—Leasaítear alt 5 d’Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2): Leasú ar alt 5 d’Acht 2012

“(2) Maidir le hiarratas chuig an gCúirt Chuarda faoin Acht seo, déanfar é sa chuaird—

- (a) ina bhfuil cónaí ar an bhféichiúnaí lena mbaineann an t-iarratas, tráth déanta an iarratais, nó ina raibh cónaí air nó uirthi laistigh de bhliain amháin ó thráth déanta an iarratais, nó
- (b) ina bhfuil áit ghnó ag an bhféichiúnaí lena mbaineann an t-iarratas, tráth déanta an iarratais, nó ina raibh áit ghnó aige nó aici laistigh de bhliain amháin ó thráth déanta an iarratais.”.

**44.**—Leasaítear alt 8(4) d’Acht 2012, i mír (a), trí “nó” a chur in ionad “agus”. Leasú ar alt 8 d’Acht 2012

**45.**—Leasaítear alt 9(1) d’Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (g): Leasú ar alt 9 d’Acht 2012

“(g) de réir alt 47—

- (i) a údarú do dhuine nó d’aicme daoine feidhmeanna idirghabhálaí cheadaithe a chomhlíonadh,
- (ii) maoirseacht agus rialáil a dhéanamh ar dhaoine nó ar aicmí daoine atá údaraithe chun feidhmeanna idirghabhálaí cheadaithe a chomhlíonadh.”.

**46.**—Leasaítear alt 13(1) d’Acht 2012 trí “Féadfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta” a chur in ionad “Déanfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta, a luaithe is féidir tar éis an lae bunaithe”. Leasú ar alt 13 d’Acht 2012

**47.**—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach i ndiaidh alt 21 d’Acht 2012: Alt nua 21A in Acht 2012

“An tSeirbhís Dócmhainneachta do choinneáil faisnéise

21A.—D’ainneoin an Achta um Chosaint Sonraí, 1988, coinneoidh an tSeirbhís Dócmhainneachta cibé faisnéis nó sonraí a gheobhaidh sí faoin Acht seo agus is gá chun a feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh.”.

**48.**—Leasaítear alt 25 d’Acht 2012, i mír (a)(iv) den mhíniú ar “fiach cáilitheach”, trí “amhail ráthaíocht arna tabhairt ag féichiúnaí maidir le haon mhéid a ráthaíodh go bhfuil sé dlite den fhéichiúnaí Leasú ar alt 25 d’Acht 2012

Cd.8 A.48

[*Uimh. 32.*] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

agus iníoctha ag an bhféichiúnaí ar ráthaíocht í a mbeidh glaoite uirthi;” a scriosadh.

Leasú ar alt 27  
d’Acht 2012

**49.**—Leasaítear alt 27 d’Acht 2012—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Déanfaidh an féichiúnaí, a luaithe is indéanta tar éis dó nó di an daingniú dá dtagraítear i bhfo-alt (3) a dhéanamh—

(a) faisnéis a sholáthar ina nochtar go hiomlán a ghnóthaí airgeadais nó a gnóthaí airgeadais don idirghabhálaí ceadaithe, agus

(b) a thoiliú scríofa nó a toiliú scríofa a thabhairt—

(i) leis an idirghabhálaí ceadaithe do dhéanamh fiosrú faoi fho-alt (9), agus

(ii) leis an idirghabhálaí ceadaithe do nochtadh sonraí pearsanta de chuid an fhéichiúnaí, a mhéid is gá le haghaidh fiosrú den sórt sin.”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (9) go (12):

“(9) Féadfaidh an t-idirghabhálaí ceadaithe, chun críocha fho-ailt (5) agus (6), cibé fiosruithe a dhéanamh is cuí leis nó léi chun luach féich nó dliteanais eile a nochtfaidh an féichiúnaí faoin alt seo a fhíorú.

(10) I gcás nach ndéanfaidh creidiúnaí a gheobhaidh fiosrú ón idirghabhálaí ceadaithe de bhun an ailt seo an fhaisnéis a iarrtar a thabhairt laistigh de 21 lá ón bhfiosrú a dhéanamh, beidh an t-idirghabhálaí ceadaithe i dteideal a thiomhdiú chun críocha fho-alt (6) gurb é luach an fhéich nó an dliteanais lena mbaineann an luach a nochtfaidh an féichiúnaí.”.

Leasú ar alt 29  
d’Acht 2012

**50.**—Leasaítear alt 29(2) d’Acht 2012—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) an Ráiteas Airgeadais Forordaithe arna chomhlánú faoi alt 27, a ndearnadh an ráiteas dá dtagraítear i mír (a) i ndáil leis, agus dearbhú reachtúil arna dhéanamh ag an bhféichiúnaí á dhaingniú gur ráiteas iomlán cruinn ar shócmhainní, dliteanais, ioncam agus caiteachas an fhéichiúnaí an Ráiteas Airgeadais Forordaithe;”,

agus

(b) i mír (d), trí “fiacha lena mbaineann, mar a shonrófar sa Ráiteas Airgeadais Forordaithe dá dtagraítear i mír (c)” a chur in ionad “fiacha lena mbaineann.”.

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013.*

CD.8

**51.**—Leasaítear alt 31 d’Acht 2012—

Leasú ar alt 31 d’Acht 2012

- (a) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a)(ii):

“(ii) an deimhniú sin mar aon le cóip den iarratas agus den doiciméadacht tacaíochta (seachas na doiciméid dá dtagraítear in alt 29(2)(e) agus (f)) a thabhairt don chúirt chuí, agus”,

agus

- (b) trí fho-alt (4) a scriosadh.

**52.**—Leasaítear alt 34 d’Acht 2012—

Leasú ar alt 34 d’Acht 2012

- (a) i bhfo-alt (4)(b), trí “alt 37(3) (arna leasú le *halt 55 den Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013*)” a chur in ionad “alt 37(2)(a)”, agus

- (b) i bhfo-alt (5), trí na focail “agus don idirghabhálaí ceadaithe lena mbaineann” a scriosadh.

**53.**—Leasaítear alt 35(1) d’Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (e):

Leasú ar alt 35 d’Acht 2012

“(e) aon bheart a dhéanamh chun earraí atá i seilbh an fhéichiúnaí nó ar a choimeád nó ar a coimeád a aisghabháil, mura mbeidh teideal chun na n-earraí dílsithe don chreidiúnaí sonraithe nó mura sealbhóidh an creidiúnaí sonraithe urrús thar na hearraí.”

**54.**—Leasaítear alt 36 d’Acht 2012—

Leasú ar alt 36 d’Acht 2012

- (a) i bhfo-alt (2), trí “Aon fhéichiúnaí sonraithe” a chur in ionad “Faoi réir fho-alt (5), aon fhéichiúnaí sonraithe”,

- (b) i bhfo-alt (3), trí “Faoi réir fho-alt (4),” a chur in ionad “Faoi réir fho-ailt (4) agus (5),” agus

- (c) trí fho-alt (5) a scriosadh.

**55.**—Leasaítear alt 37 d’Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (2) agus (3):

Leasú ar alt 37 d’Acht 2012

“(2) Más rud é—

- (a) go n-íocfaidh féichiúnaí sonraithe suim faoin alt seo, nó go ngéillfidh sé nó sí suim faoi fho-alt (2) nó (3) d’alt 36, arb éard í, nó

- (b) gurb éard é comhiomlán na suimeanna a íocfar amhlaidh nó a ghéillfear amhlaidh,

méid nach lú ná 50 faoin gcéad de luach iomlán na bhfiach cáilitheach sonraithe lena mbaineann, beidh feidhm ag fho-alt (3).

Cd.8 A.55

[*Uimh. 32.*] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

- (3) I gcás go mbeidh feidhm ag an bhfo-alt seo—
- (a) scoirfidh an Fógra Faoisimh Fiachais lena mbaineann d'éifeacht a bheith leis,
  - (b) beidh an féichiúnaí sonraithe arna urscaoileadh nó arna hurscaoileadh ó gach fiach de na fiacha cáilitheacha sonraithe go léir, agus
  - (c) déanfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta, laistigh de 3 mhí ón dáta a bheidh feidhm ag mír (a) nó (b), de réir mar a bheidh, d'fho-alt (2), an fhaisnéis go léir a bheidh taifeadta i gClár na bhFógraí Faoisimh Fiachais i leith an Fhógra Faoisimh Fiachais a bhaint as an gClár.”.

Leasú ar alt 39  
d'Acht 2012

**56.**—Leasaítear alt 39 d'Acht 2012—

- (a) trí fho-alt (1) a thabhairt ar an alt, agus
- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):  

“(2) Is iar bhfógra don fhéichiúnaí sonraithe agus do gach creidiúnaí sonraithe a dhéanfar iarratas faoi fho-alt (1).”.

Leasú ar alt 43  
d'Acht 2012

**57.**—Leasaítear alt 43 d'Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

- “(6) I gcás go dtabharfaidh an chúirt chuí breith faoi fho-alt (5) nó alt 44(4)—
- (a) tabharfaidh Cláráitheoir na cúirte cúí fógra don tSeirbhís Dócmhainneachta faoin mbreith, agus
  - (b) déanfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta, ar an bhfógra faoi mhír (a) a fháil, fógra faoin mbreith a thabhairt do na creidiúnaithe sonraithe lena mbaineann.”.

Leasú ar alt 45  
d'Acht 2012

**58.**—Leasaítear alt 45 d'Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) I gcás go bhfoirceannfar Fógra Faoisimh Fiachais faoin gCaibidil seo, déanfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta, laistigh de 3 mhí tar éis an dáta a bheadh deireadh leis an tréimhse mhaoirseachta lena mbaineann murach an foirceannadh sin, an fhaisnéis go léir a bheidh taifeadta i gClár na bhFógraí Faoisimh Fiachais i leith an Fhógra Faoisimh Fiachais a bhaint as an gClár.”.

Leasú ar alt 46  
d'Acht 2012

**59.**—Leasaítear alt 46(2) d'Acht 2012 trí “gan mhoill agus, in aon chás,” a scriosadh.

Leasú ar alt 47  
d'Acht 2012

**60.**—Leasaítear alt 47 d'Acht 2012—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) D’fhonn idirghabhálaithe ceadaithe a údarú, a rialáil agus a mhaoirsiú agus d’fhonn féichiúnaithe agus creidiúnaithe atá, nó a d’fhéadfadh teacht chun bheith, ina bhféichiúnaithe sonraithe nó ina gcreidiúnaithe sonraithe a chosaint, féadfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta, le toiliú an Aire, foráil a dhéanamh agus, má ordaíonn an tAire di déanamh amhlaidh agus de réir théarmaí an ordacháin, déanfaidh sí foráil, tar éis di dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais agus le haon duine eile is cúf leis an tSeirbhís Dócmhainneachta nó de réir mar a ordóidh an tAire, le rialacháin maidir le haon cheann acu seo a leanas:

- (a) na ceanglais is infheidhme maidir leis na nithe seo a leanas—
  - (i) daoine a údarú mar idirghabhálaithe ceadaithe faoin alt seo, agus
  - (ii) déileálacha idirghabhálaí cheadaithe leis an tSeirbhís Dócmhainneachta;
- (b) na ceanglais a bheidh le comhlíonadh ag idirghabhálaithe ceadaithe i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoin Acht seo lena n-áirítear, gan ginearáltacht an mhéid sin roimhe seo a theorannú, i ndáil leis na nithe seo a leanas:
  - (i) leas an phobail;
  - (ii) na dualgais i leith féichiúnaithe agus creidiúnaithe atá, nó a d’fhéadfadh teacht chun bheith, ina bhféichiúnaithe sonraithe nó ina gcreidiúnaithe sonraithe;
  - (iii) iompar gairmiúil agus eiticiúil idirghabhálaithe ceadaithe;
  - (iv) rúndacht faisnéise féichiúnaithe agus creidiúnaithe atá, nó a d’fhéadfadh teacht chun bheith, ina bhféichiúnaithe sonraithe nó ina gcreidiúnaithe sonraithe, a chothabháil;
  - (v) cásbhainistiú i leith féichiúnaithe atá, nó a d’fhéadfadh teacht chun bheith, ina bhféichiúnaithe sonraithe;
  - (vi) easaontachtaí leasa;
- (c) na cáilíochtaí (lena n-áirítear leibhéil oiliúna, oideachais, saineolais agus taithí) nó aon cheanglais eile (lena n-áirítear caighdeáin riachtanacha inniúlachta) chun daoine a údarú mar idirghabhálaithe ceadaithe faoin alt seo;
- (d) na taifid, lena n-áirítear comhaid agus cuntais, a bheidh le cothabháil, lena n-áirítear i bhfoirm leictreonach, ag idirghabhálaí ceadaithe;
- (e) na ceanglais a bheidh le comhlíonadh ag idirghabhálaí ceadaithe nuair a bheidh gearáin

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
 2013.

in aghaidh an idirghabhálaí cheadaithe sin á láimhseáil;

- (f) aon ní eile a bhaineann le hidirghabhálaithe cheadaithe a údarú, a mhaoirsiú nó a rialáil agus a ghabhann leis an tSeirbhís Dócmhainneachta nó is dóigh leis an tSeirbhís Dócmhainneachta is gá nó is fóirsteanach chun na geríoch sin nó maidir le gach ceann nó le haon cheann de na nithe sin dá dtagraítear san fho-alt seo.

(5A) Féadfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta aon ní a dhéanamh is gá nó is fóirsteanach chun faireachán a dhéanamh ar idirghabhálaí cheadaithe do chomhlíonadh a oibleagáidí nó a hoibleagáidí faoin Acht seo agus faoi rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo.”,

agus

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(8) I gcás go n-éireoidh idirghabhálaí cheadaithe as ról an idirghabhálaí cheadaithe maidir le féichiúnaí, tabharfaidh sé nó sí fógra i dtaobh an mhéid sin don tSeirbhís Dócmhainneachta, agus i dteannta an fhógra sin beidh ráiteas ar na cúiseanna gur éirigh sé nó sí as.

(9) Más rud é, tráth ar bith tar éis don fhéichiúnaí an daingniú dá dtagraítear in alt 27(3) a dhéanamh ach sula n-eiseofar an Fógra Faoisimh Fiachais faoi alt 31, maidir leis an idirghabhálaí cheadaithe lena mbaineann (‘idirghabhálaí cheadaithe bunaidh’)—

- (a) go bhfaighidh sé nó sí bás,
- (b) go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith éagumasach, mar gheall ar easláinte nó ar chúis eile, ar fheidhmeanna idirghabhálaí cheadaithe a chomhlíonadh maidir leis an bhféichiúnaí,
- (c) go n-éireoidh sé nó sí as ról an idirghabhálaí cheadaithe maidir leis an bhféichiúnaí, nó
- (d) nach mbeidh sé nó sí i dteideal a thuilleadh feidhmeanna idirghabhálaí cheadaithe a chomhlíonadh faoin Acht seo,

déanfaidh an féichiúnaí, a luaithe is indéanta tar éis dó nó di teacht ar an eolas sin, idirghabhálaí cheadaithe eile a cheapadh chun gníomhú mar idirghabhálaí cheadaithe dó nó di chun críocha na Caibidle seo.

- (10) (a) I gcás go mbeidh feidhm ag mír (a), (b) nó (c) d’fho-alt (9), déanfaidh an féichiúnaí lena mbaineann é sin a chur in iúl don tSeirbhís Dócmhainneachta a luaithe is indéanta.
- (b) I gcás go mbeidh idirghabhálaí cheadaithe ceaptha faoi fho-alt (9), déanfaidh an t-idirghabhálaí cheadaithe, a luaithe is indéanta, é sin a chur in iúl don tSeirbhís

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

CD.8 A.60

Dócmhainneachta agus, más infheidhme, do chreidiúnaí ar cuireadh fógra faoi alt 28(2) chuige nó chuici, i gcás nach bhfuil an tréimhse dá dtagraítear in alt 28(3) imithe in éag.

(11) I gcás go gceapfar idirghabhálaí ceadaithe faoi fho-alt (9)—

- (a) ní dhéanfaidh an ceapachán sin difear do bhailíocht aon ní a rinne an t-idirghabhálaí ceadaithe bunaidh roimhe sin faoin gCaibidil seo, agus
- (b) aon tagairtí san Acht seo d'idirghabhálaí ceadaithe, i ndáil leis an bhféichiúnaí lena mbaineann, forléireofar iad mar thagairtí a fholáionn tagairtí don idirghabhálaí ceadaithe arna cheapadh nó arna ceapadh amhlaidh.”.

**61.**—Leasaítear alt 49 d'Acht 2012—

Leasú ar alt 49  
d'Acht 2012

- (a) i bhfo-alt (2), trí “déanfaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, nó fostaí de chuid an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta sin ag gníomhú faoina stiúradh agus faoina rialú, cruinniú a thionól” a chur in ionad “déanfaidh sé nó sí cruinniú a thionól”,
- (b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) I gcás go gceapfar cleachtóir dócmhainneachta pearsanta faoi fho-alt (3), beidh sé nó sí arna cheapadh nó arna ceapadh, agus ní cheapfaidh an féichiúnaí lena mbaineann cleachtóir dócmhainneachta pearsanta eile faoin bhfo-alt sin, go dtí—

- (a) i gcás go bhfoirceannfaidh an féichiúnaí lena mbaineann ceapachán an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta maidir leis an bhféichiúnaí, cibé tráth a bheidh éifeacht leis an bhfoirceannadh sin de réir alt 49A,
- (b) i gcás go n-éireoidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta as an ról sin maidir leis an bhféichiúnaí, cibé tráth a bheidh éifeacht leis an éirí as sin de réir alt 49B,
- (c) i gcás go ndéanfar ionadú ar an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta mar gheall ar gan é nó í a bheith in ann, de dheasca easláinte nó ar chúis eile, nó i gcás nach bhfuil sé nó sí údaraithe, feidhmeanna cleachtóra dócmhainneachta pearsanta maidir leis an bhféichiúnaí a chomhlíonadh a thuilleadh, cibé tráth a bheidh éifeacht leis an ionadú sin de réir alt 49C.”,

agus

- (c) trí fho-ailt (6) go (9) a scriosadh.

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
 2013.

Ailt 49A, 49B agus  
 49C a chur isteach  
 in Acht 2012

62.—Leasaítear Acht 2012 trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 49:

“Féichiúnaí d’fhoirceannadh ceapachán cleachtóra dócmhainneachta pearsanta arna dhéanamh aige nó aici  
 49A.—(1) Féadfaidh féichiúnaí a mbeidh cleachtóir dócmhainneachta pearsanta ceaptha aige nó aici faoi alt 49(3) an ceapachán sin a fhoirceannadh trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta, ar fógra é ina sonrúfar dáta an fhoirceanta agus ní luaithe an dáta sin ná aon mhí amháin tar éis an fógra a thabhairt don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta.

(2) Déanfaidh féichiúnaí a fhoirceannfaidh ceapachán faoi fho-alt (1) fógra faoin bhfoirceannadh sin a thabhairt don tSeirbhís Dócmhainneachta a luaithe is indéanta dá éis sin.

(3) Aon fhéichiúnaí a mbeidh ceapachán cleachtóra dócmhainneachta pearsanta foirceanta aige nó aici faoi fho-alt (1), déanfaidh sé nó sí, tráth nach déanaí ná dhá mhí ó dháta an fhoirceanta, cleachtóir dócmhainneachta pearsanta a cheapadh chun ionad an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta bunaidh a ghlacadh (dá ngairtear ‘cleachtóir dócmhainneachta pearsanta ionaid’ san alt seo) agus tabharfaidh sé nó sí fógra faoin gceapachán sin don tSeirbhís Dócmhainneachta a luaithe is indéanta dá éis sin.

(4) I gcás go mbeidh cleachtóir dócmhainneachta pearsanta ionaid ceaptha faoi fho-alt (3), déanfaidh sé nó sí, a luaithe is indéanta dá éis sin, é sin a chur in iúl don tSeirbhís Dócmhainneachta agus do na creidiúnaithe lena mbaineann.

(5) I gcás go gceapfar cleachtóir dócmhainneachta pearsanta ionaid faoi fho-alt (3)—

- (a) ní dhéanfaidh an ceapachán sin difear do bhailíocht aon ní a rinne an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta bunaidh roimhe sin faoin gCaibidil seo, faoi Chaibidil 3 nó faoi Chaibidil 4, de réir mar a bheidh,
- (b) leanfaidh aon deimhniú cosantach, Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais nó Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta atá in éifeacht maidir leis an bhféichiúnaí d’éifeacht a bheith leis nó léi, agus
- (c) aon tagairtí san Acht seo do chleachtóir dócmhainneachta pearsanta, i ndáil leis an bhféichiúnaí lena mbaineann, forléireofar iad mar thagairtí a fholáionn tagairtí don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta ionaid



arna cheapadh nó arna ceapadh  
amhlaidh.

Cleachtóir dócmhainneachta pearsanta d'fhoirceannadh a cheapacháin nó a ceapacháin ag féichiúnaí

49B.—(1) Maidir le cleachtóir dócmhainneachta pearsanta a bheidh ceaptha ag féichiúnaí de réir alt 49(3), féadfaidh sé nó sí an ceapachán sin a fhoirceannadh trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don fhéichiúnaí, ar fógra é ina sonrófar dáta an fhoirceanta agus ní luaithe an dáta sin ná aon mhí amháin tar éis an fógra a thabhairt don fhéichiúnaí.

(2) Déanfaidh cleachtóir dócmhainneachta pearsanta a fhoirceannfaidh ceapachán faoi fho-alt (1) fógra faoin bhfoirceannadh sin a thabhairt don tSeirbhís Dócmhainneachta a luaithe is indéanta dá éis sin.

(3) Aon fhéichiúnaí a gheobhaidh fógra ó chleachtóir dócmhainneachta pearsanta go bhfuil a cheapachán nó a ceapachán faoi fho-alt (1) á fhoirceannadh, déanfaidh sé nó sí, tráth nach déanaí ná 2 mhí ó dháta an fhoirceanta, cleachtóir dócmhainneachta pearsanta ionaid a cheapadh (dá ngairtear 'cleachtóir dócmhainneachta pearsanta ionaid' san alt seo) agus tabharfaidh sé nó sí fógra faoin gceapachán sin don tSeirbhís Dócmhainneachta a luaithe is indéanta dá éis sin.

(4) I gcás go mbeifear tar éis cleachtóir dócmhainneachta pearsanta ionaid a cheapadh faoi fho-alt (3), déanfaidh sé nó sí, a luaithe is indéanta dá éis sin, é sin a chur in iúl don tSeirbhís Dócmhainneachta agus do na creidiúnaithe lena mbaineann.

(5) I gcás go gceapfar cleachtóir dócmhainneachta pearsanta ionaid faoi fho-alt (3)—

- (a) ní dhéanfaidh an ceapachán sin difear do bhailíocht aon ní a rinne an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta bunaidh roimhe sin faoin gCaibidil seo, faoi Chaibidil 3 nó faoi Chaibidil 4, de réir mar a bheidh,
- (b) leanfaidh aon deimhniú cosantach, Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais nó Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta atá in éifeacht maidir leis an bhféichiúnaí d'éifeacht a bheith leis nó léi, agus
- (c) aon tagairtí san Acht seo do chleachtóir dócmhainneachta pearsanta, i ndáil leis an bhféichiúnaí lena mbaineann, forléireofar iad mar thagairtí a fholáonn tagairtí don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta ionaid arna cheapadh nó arna ceapadh amhlaidh.

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
 2013.

Ceapachán  
 cleachtóra  
 dócmhainneachta  
 pearsanta a  
 fhoirceannadh  
 de bharr báis,  
 éagumais nó  
 údarú a  
 tharraingt siar

49C.—(1) Más rud é, maidir le cleachtóir dócmhainneachta pearsanta arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 49(3) ('an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta bunaidh')—

- (a) go bhfaighidh sé nó sí bás,
- (b) go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith éagumasach, mar gheall ar easláinte nó ar chúis eile, ar fheidhmeanna cleachtóra dócmhainneachta pearsanta a chomhlíonadh, nó
- (c) nach mbeidh sé nó sí údaraithe a thuilleadh chun feidhmeanna cleachtóra dócmhainneachta pearsanta a chomhlíonadh faoin Acht seo,

déanfaidh an féichiúnaí, a luaithe is indéanta tar éis dó nó di teacht ar an eolas sin, nó tar éis don tSeirbhís Dócmhainneachta an méid sin a chur in iúl dó nó di, agus in aon chás tráth nach déanaí ná trí mhí dá éis sin, cleachtóir dócmhainneachta pearsanta ionaid (dá ngairtear 'cleachtóir dócmhainneachta pearsanta ionaid' san alt seo) a cheapadh chun gníomhú mar chleachtóir dócmhainneachta pearsanta dó nó di chun críocha Chaibidil 3 nó 4, de réir mar a bheidh.

(2) I gcás go gceapfaidh an féichiúnaí cleachtóir dócmhainneachta pearsanta ionaid faoi fho-alt (1), déanfaidh sé nó sí, a luaithe is indéanta dá éis sin, é sin a chur in iúl don tSeirbhís Dócmhainneachta.

(3) I gcás go mbeidh cleachtóir dócmhainneachta pearsanta ionaid ceaptha faoi fho-alt (1), déanfaidh sé nó sí, a luaithe is indéanta dá éis sin, é sin a chur in iúl don tSeirbhís Dócmhainneachta agus do na creidiúnaithe lena mbaineann.

(4) I gcás go gceapfaidh an féichiúnaí cleachtóir dócmhainneachta pearsanta ionaid—

- (a) ní dhéanfaidh an ceapachán sin difear do bhailíocht aon ní a rinne an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta bunaidh roimhe sin faoin gCaibidil seo, faoi Chaibidil 3 nó faoi Chaibidil 4, de réir mar a bheidh,
- (b) leanfaidh deimhniú cosantach, Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais nó Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta atá in éifeacht maidir leis an bhféichiúnaí d'éifeacht a bheith leis nó léi, agus
- (c) aon tagairtí san Acht seo do chleachtóir dócmhainneachta pearsanta, i ndáil leis an bhféichiúnaí lena mbaineann, forléireofar iad mar thagairtí a

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

CD.8 A.62

fholáíonn tagairtí don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta ionaid arna cheapadh nó arna ceapadh amhlaidh.”.

**63.**—Leasaítear alt 54 d’Acht 2012 i mír (c) trí “Forordaithe” a chur in ionad “Pearsanta”. Leasú ar alt 54 d’Acht 2012

**64.**—Leasaítear alt 59(2) d’Acht 2012 trí “a fhorordóidh” a chur in ionad “a shonróidh”. Leasú ar alt 59 d’Acht 2012

**65.**—Leasaítear alt 61 d’Acht 2012— Leasú ar alt 61 d’Acht 2012

(a) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a)(ii):

“(ii) an deimhniú sin mar aon le cóip den iarratas agus den doiciméadacht tacaíochta (seachas na doiciméid dá dtagraítear in alt 59(2)(f) agus (g)) a thabhairt don chúirt chuí, agus”,

(b) trí fho-alt (4) a scriosadh, agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (11):

“(11) I gcás go n-eiseofar deimhniú cosantach faoin alt seo, déanfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta—

(a) na nithe seo a leanas a thaifeadadh i gClár na nDeimhnithe Cosantacha, i dteannta cibé mionsonraí eile a fhorordófar faoi alt 133(3)(b)—

(i) ainm agus seoladh an fhéichiúnaí agus dáta eisiúna an deimhnithe chosantaigh,

(ii) más infheidhme—

(I) fadú an deimhnithe chosantaigh faoin alt seo, agus

(II) an chúirt chuí do dhéanamh ordú faoi alt 63, agus an creidiúnaí a ndearnadh an t-ordú ina leith,

agus

(iii) an dáta a scoirfidh an deimhniú cosantach, faoin gCaibidil seo, de bheith i bhfeidhm,

agus

(b) laistigh de 3 mhí ón dáta a scoirfidh an deimhniú cosantach, faoin gCaibidil seo, de bheith i bhfeidhm, an fhaisnéis go léir a bheidh taifeadta i gClár na nDeimhnithe Cosantacha i leith an deimhnithe chosantaigh a bhaint as an gClár.”.

|                             |  |
|-----------------------------|--|
| Cd.8                        | <p style="text-align: center;"><b>[Uimh. 32.] <i>An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí</i> [2013.]<br/><i>Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),</i><br/>2013.</b></p>  |
| Leasú ar alt 62 d'Acht 2012 | <p><b>66.</b>—Leasaítear alt 62(1) d'Acht 2012, i mír (e), trí “cibé acu a bheidh nó nach mbeidh” a chur in ionad “mura mbeidh” agus trí “cibé acu a shealbhóidh nó nach sealbhóidh” a chur in ionad “mura sealbhóidh”.</p>  |
| Leasú ar alt 65 d'Acht 2012 | <p><b>67.</b>—Leasaítear alt 65(2) d'Acht 2012, i mír (e)(i), trí “ailt 48 go 54” a chur in ionad “ailt 48 go 53”.</p>   |
| Leasú ar alt 71 d'Acht 2012 | <p><b>68.</b>—Leasaítear alt 71(1)(c) d'Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iv):</p> <p style="text-align: center;">“(iv) gurb é a thuairim nó a tuairim—</p> <p style="margin-left: 40px;">(I) go gcomhlíonann an féichiúnaí na critéir incháilitheachta i gcomhair an togra le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais a shonraítear in alt 57,</p> <p style="margin-left: 40px;">(II) go gcomhlíonann an Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais bheartaithe na ceanglais shainordaitheacha dá dtagraítear in alt 65(2), agus</p> <p style="margin-left: 40px;">(III) nach bhfuil sa Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais bheartaithe aon téarmaí lena scaoilfí an féichiúnaí ó fhiach eisiata, ó fhiach ineisiata (seachas fiach ceadaithe) nó ó fhiach urraithe nó a dhéanfadh difear d'fhiach den sórt sin ar shlí eile;”.</p>   |
| Leasú ar alt 72 d'Acht 2012 | <p><b>69.</b>—Leasaítear alt 72(1) d'Acht 2012 trí “a ghairfear de réir alt 70” a chur in ionad “a ghairfidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta chun togra le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais arna thabhairt do na creidiúnaithe faoi alt 70(3) a cheadú”.</p>  |
| Leasú ar alt 73 d'Acht 2012 | <p><b>70.</b>—Leasaítear alt 73 d'Acht 2012 trí fho-alt (3) a scriosadh.</p>   |
| Leasú ar alt 75 d'Acht 2012 | <p><b>71.</b>—Leasaítear alt 75 d'Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):</p> <p style="margin-left: 40px;">“(1) I gcás go gceadófar Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais ag cruinniú creidiúnaithe de réir alt 73, déanfaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta a luaithe is indéanta tar éis dheireadh an chruinnithe fógra a thabhairt don tSeirbhís Dócmhainneachta agus do gach creidiúnaí lena mbaineann, ar fógra é a mbeidh na nithe seo a leanas ag gabháil leis—</p> <p style="margin-left: 40px;">(a) deimhniú ina mbeidh toradh na vótála a rinneadh ag an gcrúinniú creidiúnaithe, ina n-aithneofar líon vótaí, ó thaobh luacha, na gcreidiúnaithe a bhí i láthair agus a vótáil i bhfabhar na Comhshocraíochta Socraíochta Fiachais beartaithe agus ina coinne, agus á rá gur cheadaigh an céatadán riachtanach creidiúnaithe dá dtagraítear in alt 73(6) an togra le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais,</p> |

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

CD.8 A.71

- (b) cóip den Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais cheadaithe, agus
- (c) ráiteas ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta á rá gurb é a thuairim nó a tuairim—
  - (i) go gcomhlíonann an féichiúnaí na critéir incháilitheachta i gcomhair an togra le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais a shonraítear in alt 57,
  - (ii) go gcomhlíonann an Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais cheadaithe na ceanglais shainordaitheacha dá dtagraítear in alt 65(2), agus
  - (iii) nach bhfuil sa Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais cheadaithe aon téarmaí lena scaoilfí an féichiúnaí ó fhiach eisiata, ó fhiach ineisiata (seachas fiach cheadaithe) nó ó fhiach urraithe nó a dhéanfadh difear d'fhiach den sórt sin ar shlí eile.”.

**72.**—Leasaítear alt 76 d’Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

Leasú ar alt 76  
d’Acht 2012

“(1) Ar fhógra agus na doiciméid a bheidh ag gabháil leis a fháil ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta de bhun alt 75(1) (arna leasú le *halt 71* den *Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013*), déanfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta—

- (a) fógra a thabhairt don chúirt chúí agus cóip den fhógra agus de na doiciméid a thabhairt don chúirt sin, agus
- (b) ceadú na Comhshocraíochta Socraíochta Fiachais lena mbaineann a thaifeadadh i gClár na gComhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais.”.

**73.**—Leasaítear alt 78 d’Acht 2012—

Leasú ar alt 78  
d’Acht 2012

- (a) i bhfo-alt (2), trí “an fógra agus na doiciméid” a chur in ionad “an chóip den Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais”,

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Más rud é, chun go dtiocfaidh an chúirt chúí ar bhreith faoi fho-alt (2), go dteastóidh—

- (a) faisnéis bhreise uathí, féadfaidh sí a iarraidh ar an tSeirbhís Dócmhainneachta an fhaisnéis sin a sholáthar, agus soláthróidh an tSeirbhís Dócmhainneachta an fhaisnéis a iarrfar don chúirt agus don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta lena mbaineann, nó
- (b) faisnéis bhreise nó fianaise bhreise uathí, féadfaidh sí éisteacht a thionól, ar éisteacht í a thionólfar iar bhfógra don tSeirbhís

[*Uimh. 32.*] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [2013.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013.*

Dócmhainneachta agus don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta lena mbaineann.”,

(c) trí fho-alt (4) a scríosadh, agus

(d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) Chun críocha fho-alt (2), féadfaidh an chúirt chuí—

- (a) deimhniú an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta dá dtagraítear in alt 75(1)(a) (arna leasú le *halt 71* den *Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013*) a ghlacadh mar fhianaise gur cheadaigh an céatadán riachtanach creidiúnaithe dá dtagraítear in alt 73(6) an togra le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais, agus
- (b) ráiteas an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta dá dtagraítear in alt 75(1)(c) (arna leasú le *halt 71* den *Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013*) a ghlacadh mar fhianaise ar aon ní dá dtagraítear i bhfo-alt (2) agus is ábhar don ráiteas sin.”.

Leasú ar alt 79 d’Acht 2012

**74.**—Leasaítear alt 79(3) d’Acht 2012 i mír (e) trí “mura sealbhaíonn an creidiúnaí urrús thar na hearraí” a chur in ionad “mura bhfuil urrús thar na hearraí ag an gcreidiúnaí”.

Leasú ar alt 82 d’Acht 2012

**75.**—Leasaítear Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 82:

“Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais a athrú

82.—(1) Faoi réir an ailt seo, féadfar Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais a athrú de réir a téarmaí.

(2) Déanfaidh cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, cibé acu ar a thionscnamh féin nó ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh arna déanamh de réir fho-alt (3), togra le haghaidh athrú ar Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais (dá ngairtear ‘athrú’ san alt seo) más rud é—

- (a) gur dealraitheach don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta go bhfuil athrú ábhartha tagtha ar imthosca an fhéichiúnaí, agus
- (b) gur deimhin leis an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta go bhfuil ionchas réasúnach ann go ndéanfaí athrú lena dtugtar aghaidh ar na himthosca sin a cheadú de réir an ailt seo.

(3) Féadfaidh féichiúnaí nó creidiúnaí a bheidh faoi cheangal ag Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais a iarraidh ar an gcleachtóir

dócmhainneachta pearsanta togra a dhéanamh le haghaidh athrú ar an gComhshocraíocht, ar iarraidh í—

- (a) a bheidh i scríbhinn,
- (b) a mbeidh faisnéis nó fianaise ag gabháil léi chun tacú leis an dearbhú go bhfuil athrú ábhartha tagtha ar imthosca an fhéichiúnaí, agus
- (c) a mbeidh toiliú scríofa ag gabháil léi ón duine a bheidh ag déanamh na hiarrata—
  - (i) leis an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta do dhéanamh fiosrú faoi fho-alt (4), agus
  - (ii) leis an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta do nochtadh sonraí pearsanta de chuid an duine, a mhéid is gá le haghaidh fiosrú den sórt sin.

(4) Déanfaidh cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, laistigh de 21 lá ón tráth a gheobhaidh sé nó sí iarraidh faoi fho-alt (3), breith a thabhairt i dtaobh an bhfuil feidhm ag míreanna (a) agus (b) d'fho-alt (2) i ndáil leis an gComhshocraíocht Socraíochta Fiachais lena mbaineann agus, chun na críche sin—

- (a) féadfaidh sé nó sí aon fhaisnéis bhreise a theastóidh uaidh nó uaithi ón duine a rinne an iarraidh, a iarraidh, agus
- (b) féadfaidh sé nó sí cibé fiosruithe a dhéanamh a mheasann sé nó sí is gá chun go dtiocfaidh sé nó sí ar a bhreith nó ar a breith.

(5) D'fhonn breith a thabhairt, cibé acu faoi fho-alt (4) nó eile, i dtaobh an bhfuil feidhm ag míreanna (a) agus (b) d'fho-alt (2) i ndáil leis an gComhshocraíocht Socraíochta Fiachais lena mbaineann, féadfaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta a cheangal ar an bhféichiúnaí lena mbaineann, le cúnadh ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta más gá, Ráiteas Airgeadais Forordaithe nua a chomhlánú.

(6) I gcás gur deimhin leis an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta go bhfuil feidhm ag míreanna (a) agus (b) d'fho-alt (2) i ndáil leis an gComhshocraíocht Socraíochta Fiachais lena mbaineann, déanfaidh sé nó sí gan mhoill:

- (a) a cheangal ar an bhféichiúnaí lena mbaineann, le cúnadh ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta más gá,

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
 2013.

Ráiteas Airgeadais Forordaithe nua a chomhlánú, mura rud é go ndearna an féichiúnaí Ráiteas Airgeadais Forordaithe a chomhlánú faoi fho-alt (5) agus go bhfuil an fhaisnéis ann iomlán cruinn i gcónaí,

- (b) togra a fhoirmiú le haghaidh athrú,
- (c) toiliú scríofa a lorg ón bhféichiúnaí leis an togra agus le cruinniú de chreidiúnaithe an fhéichiúnaí a ghairm chun an togra a bhreithniú, agus
- (d) i gcás gur tugadh an toiliú ón bhféichiúnaí dá dtagraítear i mír (c), socrú a dhéanamh chun an cruinniú dá dtagraítear sa mhír sin a thionól.

(7) Nuair a bheidh cruinniú creidiúnaithe a thionólfar faoin alt seo á ghairm ag an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta, déanfaidh sé nó sí—

- (a) fógra scríofa 14 lá ar a laghad a thabhairt do gach creidiúnaí faoin gcruinniú agus faoin dáta agus faoin am a thionólfar an cruinniú, agus faoin áit a dtionólfar é;
- (b) a chinntiú go mbeidh i dteannta an fhógra dá dtagraítear i mír (a)—
  - (i) togra scríofa i dtaobh an Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais a athrú,
  - (ii) tuarascáil ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta—
    - (I) ina dtabharfar tuairisc ar an toradh ó thaobh na gcreidiúnaithe agus ó thaobh an fhéichiúnaí faoi théarmaí an togra, agus
    - (II) ina gcuirfear in iúl an amhlaidh go bhfuil nó nach bhfuil sé nó sí den tuairim gur dóigh, le réasún, go mbeidh an féichiúnaí ábalta téarmaí na Comhshocraíochta Socraíochta Fiachais, arna hathrú de réir an togra, a chomhlíonadh,
  - (iii) an Ráiteas Airgeadais Forordaithe arna chomhlánú ag an bhféichiúnaí faoi fho-alt (5) nó (6), de réir mar a bheidh, agus
  - (iv) cibé faisnéis eile a gheobhaidh an cleachtóir dócmhainneachta



[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013.*

CD.8 A.75

pearsanta faoin alt seo agus is iomchuí leis nó léi;

- (c) cóip den fhógra dá dtagraítear i mír (a) agus na doiciméid dá dtagraítear i mír (b) a thaisceadh leis an tSeirbhís Dócmhainneachta.

(8) Beidh feidhm ag forálacha ailt 65 go 69 agus ailt 72 go 78 (seachas fo-ailt (2) agus (3) d'alt 67, ailt 72(4), 72(7), 73(2), 75(1)(c)(i) (arna leasú le *halt 71* den *Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013*) 76(2), 77(3), 78(2)(a)(i) agus 78(5)(a) (arna leasú le *halt 73* den *Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013*)) agus alt 87 i ndáil le hathrú ar Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais faoin alt seo, faoi réir na modhnuithe seo a leanas agus aon mhodhnuithe eile is gá—

- (a) forléireofar tagairt do Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais mar thagairt do Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais arna hathrú de réir na Caibidle seo,
- (b) forléireofar tagairt do thogra le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais mar thagairt do thogra le haghaidh athrú ar Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais, agus forléireofar tagairt do Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais bheartaithe mar thagairt d'athrú beartaithe ar Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais,
- (c) forléireofar tagairt do Ráiteas Airgeadais Forordaithe mar thagairt don Ráiteas Airgeadais Forordaithe arna chomhlánú ag an bhféichiúnaí faoi fho-alt (5) nó (6), de réir mar a bheidh,
- (d) ní bheidh d'éifeacht le hathrú ar Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais ré na Comhshocraíochta Socraíochta Fiachais sin a fhadú thar an ré uasta a cheadaítear faoi alt 65(2)(a),
- (e) maidir le Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais arna hathrú faoin alt seo, déanfar foráil léi, chomh maith leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in alt 65(2)(e) a bheith inti, le haghaidh costais agus eisíocaíochtaí de chuid an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta a bhaineann leis an alt seo,

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
 2013.

- (f) forléireofar tagairt do chruinniú creidiúnaithe mar thagairt do chruinniú creidiúnaithe a ghairfear faoin alt seo, agus
- (g) ní fhéadfar, i gcúrsa cruinniú creidiúnaithe, an cruinniú a chur ar atráth de bhun fho-alt 72(2) ach aon uair amháin.

(9) Na cearta vótála is infheidhmithe ag creidiúnaí ag cruinniú creidiúnaithe faoin alt seo, beidh siad i gcomhréir le méid an fhéich a bheidh dlite den fhéichiúnaí don chreidiúnaí an lá a dhéanfar an vótáil.

(10) Más rud é—

- (a) ar vóta a thógáil ag cruinniú creidiúnaithe faoin alt seo, nach gceadófar an togra de réir alt 73, nó
- (b) go seasfaidh an chúirt chuí le hagóid creidiúnaí i gcoinne athrú ar Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais do theacht in éifeacht,

leanfaidh an Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais lena mbaineann, gan dochar do na forálacha eile den Acht seo, d'éifeacht a bheith léi gan a bheith faoi réir athrú den sórt sin.

(11) Ní dochar fo-alt (10) do theideal an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta togra a dhéanamh le haghaidh athrú eile ar an gComhshocraíocht Socraíochta Fiachais de réir an ailt seo.

(12) Faoi réir fho-alt (13), aon diúltú míréasúnach ar thaobh an fhéichiúnaí a thoiliú nó a toiliú a thabhairt—

- (a) faoi fho-alt (6) do thogra le haghaidh athrú nó cruinniú creidiúnaithe a ghairm, nó
- (b) faoi fho-alt (2) nó (6) d'alt 72,

is foras é le haghaidh iarratas faoi alt 83(1)(g).

(13) Aon fhéichiúnaí a dhiúltaíonn a thoiliú nó a toiliú a thabhairt faoi fhoráil dá dtagraítear i bhfo-alt (12), measfar é nó í a bheith ag gníomhú go réasúnach i gcás go gceanglófaí ar an bhféichiúnaí leis an togra ar i ndáil leis a lorgáitear an toiliú—

- (a) i gcás go mbeidh méadú tagtha ar ioncam an fhéichiúnaí, íocaíochtaí breise a dhéanamh ar mó iad ná 50 faoin gcéad den mhéadú ar a ioncam nó ar a hioncam a bheadh ar fáil dó nó

di tar éis na hasbhaintí seo a leanas (más infheidhme) a dhéanamh:

- (i) cáin ioncaim;
  - (ii) ranníocaí árachais shóisialaigh;
  - (iii) íocaíochtaí arna ndéanamh aige nó aici i leith fiacha eisiata;
  - (iv) íocaíochtaí arna ndéanamh aige nó aici i leith fiacha ineisiata nach fiacha ceadaithe;
  - (v) cibé tobhaigh agus muirir eile ar ioncam a fhorordófar,
- nó
- (b) íocaíocht a dhéanamh ar mó í ná 50 faoin gcéad de luach aon mhaoine a bheidh faighte ag an bhféichiúnaí tar éis don Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais a bheartaítear a athrú teacht in éifeacht, mura rud é go raibh réamhshocrú i dtéarmaí na Comhshocraíochta sin i dtaobh an mhaoin sin a fháil.

(14) Forléireofar tagairt sa Chaibidil seo do Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais mar thagairt a fholáíonn comhshocraíocht den sórt sin mar a bheartaítear í a athrú nó, arna hathrú de réir an ailt seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt.

(15) San alt seo, ciallaíonn ‘athrú ábhartha ar imthosca an fhéichiúnaí’ athrú ar imthosca an fhéichiúnaí a dhéanfadh difear ábhartha dá chumas nó dá cumas íocaíochtaí a dhéanamh, nó a oibleagáidí nó a hoibleagáidí a chomhlíonadh ar shlí eile, faoin gComhshocraíocht Socraíochta Fiachais, agus foláíonn sé méadú nó laghdú ar mhéid shócmhainní, dhlíteanais nó ioncam an fhéichiúnaí.”.

**76.**—Leasaítear alt 83 d’Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3): Leasú ar alt 83 d’Acht 2012

“(4) I gcás go dtabharfaidh an chúirt chuí breith faoi fho-alt (3)—

- (a) tabharfaidh Cláráitheoir na cúirte cuí fógra don tSeirbhís Dócmhainneachta faoin mbreith, agus
- (b) déanfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta, ar an bhfógra faoi mhír (a) a fháil, fógra faoin mbreith a thabhairt don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta agus do na creidiúnaithe sonraithe lena mbaineann.

Cd.8 A.76

[*Uimh. 32.*] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

(5) I gcás go dtabharfaidh an chúirt chuí breith, faoi fho-alt (3), Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais a fhoirceannadh, déanfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta, ar an bhfógra faoi fho-alt (4) faoin bhfoirceannadh sin a fháil, an fíoras go ndearnadh an Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais a fhoirceannadh a thairfeadh i gClár na gComhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais.”.

Leasú ar alt 85  
d’Acht 2012

**77.**—Leasaítear alt 85 d’Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) I gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (1), déanfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta, laistigh de 3 mhí tar éis an dáta a rachadh an Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais in éag, murach an fíoras sin, an fhaisnéis go léir a bheidh tairfeadta i gClár na gComhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais i leith na Comhshocraíochta Socraíochta Fiachais a bhaint as an gClár.”.

Leasú ar alt 86  
d’Acht 2012

**78.**—Leasaítear alt 86 d’Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) I gcás go bhfaighidh an tSeirbhís Dócmhainneachta an fógra dá dtagraítear i bhfo-alt (1)—

- (a) tairfeadfaidh sí i gClár na gComhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais gur cuireadh an Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais i gcrích go rathúil, agus
- (b) déanfaidh sí, laistigh de 3 mhí ón bhfógra sin a fháil, an fhaisnéis go léir a bheidh tairfeadta i gClár na gComhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais i leith na Comhshocraíochta Socraíochta Fiachais a bhaint as an gClár.”.

Leasú ar alt 91  
d’Acht 2012

**79.**—Leasaítear alt 91(3) d’Acht 2012 trí “a shonraítear i bhfo-alt (1)(i)” a chur in ionad “a shonraítear i bhfo-alt (1)(h)”.

Leasú ar alt 93  
d’Acht 2012

**80.**—Leasaítear alt 93(2) d’Acht 2012—

- (a) trí “beidh cibé táille (más ann) a fhorordófar agus na doiciméid seo a leanas ina theannta:” a chur in ionad “beidh na doiciméid seo a leanas ina theannta:”,
- (b) i mír (c), trí “alt 91(1)(e);” a chur in ionad “alt 91(1)(g);”,
- (c) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(cc) an dearbhú i scríbhinn ón bhféichiúnaí dá dtagraítear in alt 91(1)(g);”.

Leasú ar alt 95  
d’Acht 2012

**81.**—Leasaítear alt 95 d’Acht 2012—

- (a) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a)(ii):

“(ii) an deimhniú sin mar aon le cóip den iarratas agus an doiciméadacht tacaíochta

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

CD.8 A.81

(seachas na doiciméid dá dtagraítear in alt 93(2)(f) agus (g)) a thabhairt don chúirt chuí, agus”,

(b) trí fho-alt (4) a scriosadh, agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (11):

“(11) I gcás go n-eiseofar deimhniú cosantach faoin alt seo, déanfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta—

(a) na nithe seo a leanas a thaifeadadh i gClár na nDeimhnithe Cosantacha, i dteannta cibé mionsonraí eile a fhorordófar faoi alt 133(3)(b)—

(i) ainm agus seoladh an fhéichiúnaí agus dáta eisiúna an deimhnithe chosantaigh,

(ii) más infheidhme—

(I) fadú an deimhnithe chosantaigh faoin alt seo, agus

(II) an chúirt chuí do dhéanamh ordú faoi alt 97, agus an creidiúnaí a ndearnadh an t-ordú ina leith,

agus

(iii) an dáta a scoirfidh an deimhniú cosantach, faoin gCaibidil seo, de bheith i bhfeidhm, agus

(b) laistigh de 3 mhí ón dáta a scoirfidh an deimhniú cosantach, faoin gCaibidil seo, de bheith i bhfeidhm, an fhaisnéis go léir a bheidh taifeadta i gClár na nDeimhnithe Cosantacha i leith an deimhnithe chosantaigh a bhaint as an gClár.”.

**82.**—Leasaítear alt 96(1) d’Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (f): Leasú ar alt 96 d’Acht 2012

“(f) aon bheart a dhéanamh chun earraí a aisghabháil atá i seilbh nó i gcoimeád an fhéichiúnaí, cibé acu atá nó nach bhfuil teideal chun na n-earraí dílsithe don chreidiúnaí;”.

**83.**—Leasaítear alt 102(7) d’Acht 2012 trí “sular eisigh an chúirt chuí” a chur in ionad “sular eisigh an tSeirbhís Dócmhainneachta”. Leasú ar alt 102 d’Acht 2012

**84.**—Leasaítear alt 107(1)(c) d’Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iv): Leasú ar alt 107 d’Acht 2012

“(iv) gurb é a thuairim nó a tuairim—

(I) go gcomhlíonann an féichiúnaí na critéir incháilitheachta i gcomhair an togra le

Cd.8 A.84

[*Uimh. 32.*] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

haghaidh Comhshocraíocht  
Dócmhainneachta Pearsanta a shonraítear  
in alt 91,

(II) go gcomhlíonann an Chomhshocraíocht  
Dócmhainneachta Pearsanta bheartaithe na  
ceanglais shainordaitheacha dá dtagraítear  
in alt 99(2), agus

(III) nach bhfuil sa Chomhshocraíocht  
Dócmhainneachta Pearsanta bheartaithe  
aon téarmaí lena scaoilfí an féichiúnaí ó  
fhiach eisiata nó ó fhiach ineisiata (seachas  
fiach ceadaithe) nó a dhéanfadh difear  
d'fhiach den sórt sin ar shlí eile;"

Leasú ar alt 112  
d'Acht 2012

**85.**—Leasaítear alt 112 d'Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a  
chur in ionad fho-alt (1):

“(1) I gcás go gceadófar Comhshocraíocht Dócmhainneachta  
Pearsanta ag cruinniú creidiúnaithe de réir alt 110, déanfaidh an  
cleachtóir dócmhainneachta pearsanta a luaithe is indéanta tar  
éis dheireadh an chruinnithe fógra a thabhairt don tSeirbhís  
Dócmhainneachta agus do gach creidiúnaí lena mbaineann, ar  
fógra é a mbeidh na nithe seo a leanas ag gabháil leis—

(a) deimhniú ina mbeidh toradh na vótála a rinneadh ag  
an gcruinniú creidiúnaithe agus ina sonrúfar an cion  
de na catagóirí vótaí faoi seach a chaith daoine a  
vótáil ag an gcruinniú creidiúnaithe agus á rá gur  
cheadaigh an céatadán riachtanach creidiúnaithe dá  
dtagraítear in alt 110(1) an togra le haghaidh  
Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta,

(b) cóip den Chomhshocraíocht Dócmhainneachta  
Pearsanta cheadaithe, agus

(c) ráiteas ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta á  
rá gurb é a thuairim nó a tuairim—

(i) go gcomhlíonann an féichiúnaí na critéir  
cháilitheachta i gcomhair an togra le haghaidh  
Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta  
a shonraítear in alt 91,

(ii) go gcomhlíonann an Chomhshocraíocht  
Dócmhainneachta Pearsanta cheadaithe na  
ceanglais shainordaitheacha dá dtagraítear in alt  
99(2), agus

(iii) nach bhfuil sa Chomhshocraíocht  
Dócmhainneachta Pearsanta cheadaithe aon  
téarmaí lena scaoilfí an féichiúnaí ó fhiach  
eisiata nó ó fhiach ineisiata (seachas fiach  
ceadaithe) nó a dhéanfadh difear d'fhiach den  
sórt sin ar shlí eile.”

Leasú ar alt 113  
d'Acht 2012

**86.**—Leasaítear alt 113 d'Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a  
chur in ionad fho-alt (1):

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013.*

CD.8 A.86

“(1) Ar fhógra agus na doiciméid a bheidh ag gabháil leis a fháil ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta de bhun alt 112(1) (arna leasú le *halt 85* den *Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013*), déanfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta—

- (a) fógra a thabhairt don chúirt chuí agus cóip den fhógra agus de na doiciméid a thabhairt don chúirt sin, agus
- (b) ceadú na Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta lena mbaineann a thaifeadadh i gClár na gComhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta.”.

87.—Leasaítear alt 115 d’Acht 2012—

Leasú ar alt 115  
d’Acht 2012

(a) i bhfo-alt (2), trí “an fógra agus na doiciméid” a chur in ionad “an chóip den Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Más rud é, chun go dtiocfaidh an chúirt chuí ar bhreith faoi fho-alt (2), go dteastóidh—

- (a) faisnéis bhreise uaihi, féadfaidh sí a iarraidh ar an tSeirbhís Dócmhainneachta an fhaisnéis sin a sholáthar, agus soláthróidh an tSeirbhís Dócmhainneachta an fhaisnéis a iarrfar don chúirt agus don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta lena mbaineann, nó
- (b) faisnéis bhreise nó fianaise bhreise uaihi, féadfaidh sí éisteacht a thionól, ar éisteacht í a thionólfar iar bhfógra don tSeirbhís Dócmhainneachta agus don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta lena mbaineann.”.

(c) trí fho-alt (4) a scriosadh, agus

(d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) Chun críocha fho-alt (2), féadfaidh an chúirt chuí—

- (a) deimhniú an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta dá dtagraítear in alt 112(1)(a) (arna leasú le *halt 85* den *Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013*) a ghlacadh mar fhianaise gur cheadaigh an céatadán riachtanach creidiúnaithe dá dtagraítear in alt 110(1) an togra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta, agus
- (b) ráiteas an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta dá dtagraítear in alt 112(1)(c) (arna leasú le *halt 85* den *Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013*) a ghlacadh mar fhianaise ar aon ní dá dtagraítear i bhfo-alt (2) agus is ábhar don ráiteas sin.”.

Cd.8

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

Leasú ar alt 116  
d'Acht 2012

**88.**—Leasaítear alt 116(3) d'Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (f):

“(f) aon bheart a dhéanamh chun earraí a bheidh i seilbh nó i gcoimeád an fhéichiúnaí a aisghabháil, mura mbeidh teideal chun na n-earraí dílsithe don chreidiúnaí;”.

Leasú ar alt 119  
d'Acht 2012

**89.**—Leasaítear Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 119:

“Comh-  
shocraíocht  
Dóc-  
mhainneachta  
Pearsanta a  
athrú

119.—(1) Faoi réir an ailt seo, féadfar Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a athrú de réir a téarmaí.

(2) Déanfaidh cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, cibé acu ar a thionscnamh féin nó ar a tionscnamh féin nó ar iarraidh arna déanamh de réir fho-alt (3), togra le haghaidh athrú ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta (dá ngairtear ‘athrú’ san alt seo) más rud é—

- (a) gur dealraitheach don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta go bhfuil athrú ábhartha tagtha ar imthosca an fhéichiúnaí, agus
- (b) gur deimhin leis an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta go bhfuil ionchas réasúnach ann go ndéanfaí athrú lena dtugtar aghaidh ar na himthosca sin a cheadú de réir an ailt seo.

(3) Féadfaidh féichiúnaí nó creidiúnaí a bheidh faoi cheangal ag Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a iarraidh ar an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta togra a dhéanamh le haghaidh athrú ar an gComhshocraíocht, ar iarraidh í—

- (a) a bheidh i scríbhinn,
- (b) a mbeidh faisnéis nó fianaise ag gabháil léi chun tacú leis an dearbhú go bhfuil athrú ábhartha tagtha ar imthosca an fhéichiúnaí, agus
- (c) a mbeidh toiliú scríofa ag gabháil léi ón duine a bheidh ag déanamh na hiarrata—
  - (i) leis an an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta do dhéanamh fiosrú faoi fho-alt (4), agus
  - (ii) leis an an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta do nochtadh sonraí pearsanta de



chuid an duine, a mhéid is gá le haghaidh fiosrú den sórt sin.

(4) Déanfaidh cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, laistigh de 21 lá ón tráth a gheobhaidh sé nó sí iarraidh faoi fho-alt (3), breith a thabhairt i dtaobh an bhfuil feidhm ag míreanna (a) agus (b) d'fho-alt (2) i ndáil leis an gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta lena mbaineann, agus, chun na críche sin—

- (a) féadfaidh sé nó sí aon fhaisnéis bhreise a theastóidh uaidh nó uaithi ón duine a rinne an iarraidh, a iarraidh, agus
- (b) féadfaidh sé nó sí cibé fiosruithe a dhéanamh a mheasann sé nó sí is gá chun go dtiocfaidh sé nó sí ar a bhreith nó ar a breith.

(5) D'fhonn breith a thabhairt, cibé acu faoi fho-alt (4) nó eile, i dtaobh an bhfuil feidhm ag míreanna (a) agus (b) d'fho-alt (2) i ndáil leis an gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta lena mbaineann, féadfaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta a cheangal ar an bhféichiúnaí lena mbaineann, le cúnamh ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta más gá, Ráiteas Airgeadais Forordaithe nua a chomhlánú.

(6) I gcás gur deimhin leis an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta go bhfuil feidhm ag míreanna (a) agus (b) d'fho-alt (2) i ndáil leis an gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta lena mbaineann, déanfaidh sé nó sí gan mhoill:

- (a) a cheangal ar an bhféichiúnaí lena mbaineann, le cúnamh ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta más gá, Ráiteas Airgeadais Forordaithe nua a chomhlánú, mura rud é go ndearna an féichiúnaí Ráiteas Airgeadais Forordaithe a chomhlánú faoi fho-alt (5) agus go bhfuil an fhaisnéis ann iomlán cruinn i gcónaí,
- (b) togra a fhoirmiú le haghaidh athrú,
- (c) toiliú scríofa a lorg ón bhféichiúnaí leis an togra agus le cruinniú de chreidiúnaithe an fhéichiúnaí a ghairm chun an togra a bhreithniú, agus
- (d) i gcás gur tugadh an toiliú ón bhféichiúnaí dá dtagraítear i mír (c), socrú a dhéanamh chun an cruinniú dá dtagraítear sa mhír sin a thionól.

(7) Nuair a bheidh cruinniú creidiúnaithe a thionólfar faoin alt seo á ghairm ag an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta, déanfaidh sé nó sí—

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
 2013.

- (a) fógra scríofa 14 lá ar a laghad a thabhairt do gach creidiúnaí faoin gcruinniú agus faoin dáta agus faoin am a thionólfar an cruinniú, agus faoin áit a dtionólfar é;
- (b) a chinntiú go mbeidh i dteannta an fhógra dá dtagraítear i mír (a)—
  - (i) togra scríofa i dtaobh an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a athrú,
  - (ii) tuarascáil ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta—
    - (I) ina dtabharfar tuairisc ar an toradh ó thaobh na gcreidiúnaithe agus ó thaobh an fhéichiúnaí faoi théarmaí an togra, agus
    - (II) ina gcuirfear in iúl an amhlaidh go bhfuil nó nach bhfuil sé nó sí den tuairim gur dóigh, le réasún, go mbeidh an féichiúnaí ábalta téarmaí na Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta, arna hathrú de réir an togra, a chomhlíonadh,
  - (iii) an Ráiteas Airgeadais Forordaithe arna chomhlánú ag an bhféichiúnaí faoi fho-alt (5) nó (6), de réir mar a bheidh, agus
  - (iv) cibé faisnéis eile a gheobhaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta faoin alt seo agus is iomchuí leis nó léi;

agus

- (c) cóip den fhógra dá dtagraítear i mír (a) agus na doiciméid dá dtagraítear i mír (b) a thaisceadh leis an tSeirbhís Dócmhainneachta.

(8) Beidh feidhm ag forálacha ailt 99 go 105 agus ailt 108 go 115 (seachas fo-ailt (2) agus (3) d'alt 101, ailt 108(9), 109(6), 112(1)(c)(i) (arna leasú le *halt 85 den Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013*), 113(2), 114(3), 115(2)(a)(i) agus 115(5)(a) (arna leasú le *halt 87 den Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013*)) agus alt 120 i ndáil le hathrú ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta faoin alt seo, faoi réir na modhnuithe seo a leanas agus aon mhodhnuithe eile is gá—

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.]  
Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),  
2013.*

CD.8 A.89

- (a) forléireofar tagairt do Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta mar thagairt do Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta arna hathrú de réir na Caibidle seo,
- (b) forléireofar tagairt do thogra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta mar thagairt do thogra le haghaidh athrú ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta, agus forléireofar tagairt do Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta bheartaithe mar thagairt d'athrú beartaithe ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta,
- (c) forléireofar tagairt do Ráiteas Airgeadais Forordaithe mar thagairt don Ráiteas Airgeadais Forordaithe arna chomhlánú ag an bhféichiúnaí faoi fho-alt (5) nó (6), de réir mar a bheidh,
- (d) ní bheidh d'éifeacht le hathrú ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta ré na Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta sin a fhadú thar an ré uasta a cheadaítear faoi alt 99(2)(b),
- (e) maidir le Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta arna hathrú faoin alt seo, déanfar foráil léi, chomh maith leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in alt 99(2)(f) a bheith inti, le haghaidh costais agus eisíocaíochtaí de chuid an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta a bhaineann leis an alt seo,
- (f) déanfar tagairt d'fhógra á rá gur eisíodh deimhniú cosantach a fhorléiriú mar fhógra faoi fho-alt (7) maidir le cruinniú creidiúnaithe a ghairm,
- (g) déanfar tagairt don lá nó don dáta a eiseofar deimhniú cosantach, seachas in alt 102(7), a fhorléiriú mar thagairt don dáta a dhéanfar vótáil ag an gcruinniú creidiúnaithe faoin alt seo,
- (h) i gcás go raibh feidhm ag alt 103(3) maidir le Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta, ní oibreoidh athrú ar an gComhshocraíocht sin chun an tréimhse dá dtagraítear in alt 103(11)(a) a athrú,

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
 2013.

- (i) aon tagairt don mhargadhluach a bheidh curtha síos d'urrús, nó do mhargadhluach urrúis arna chinneadh, de réir alt 105, forléireofar í mar an luach a chuirfear síos d'urrús nó a chinnfear de réir alt 105 chun críche athrú faoin alt seo,
- (j) déanfar tagairt do chruinniú creidiúnaithe a fhorléiriú mar thagairt do chruinniú creidiúnaithe faoin alt seo,
- (k) i gcás go raibh feidhm ag alt 108(4) maidir le creidiúnaí, leanfaidh an fo-alt sin d'fheidhm a bheith aige maidir leis an gcreidiúnaí sin chun críche a chearta nó a cearta vótála ag cruinniú creidiúnaithe faoin alt seo,
- (l) aon fhiach is fiach neamhurraithe an dáta a dhéanfar an vótáil ag cruinniú creidiúnaithe faoin alt seo, déileálfar leis mar fhiach neamhurraithe, d'ainneoin gurbh fhiach urraithe é an fiach lena mbaineann an tráth a rinneadh an vótáil ar an togra le haghaidh na Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta lena mbaineann, agus
- (m) ní fhéadfar, i gcúrsa cruinniú creidiúnaithe, an cruinniú a chur ar atráth de bhun alt 109(4) ach aon uair amháin.

(9) Más rud é—

- (a) ar vóta a thógáil ag cruinniú creidiúnaithe faoin alt seo, nach gceadófar an togra de réir alt 110, nó
- (b) go seasfaidh an chúirt chuí le hagóid creidiúnaí i gcoinne athrú ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta do theacht in éifeacht,

leanfaidh an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta lena mbaineann, gan dochar do na forálacha eile den Acht seo, d'éifeacht a bheith léi gan a bheith faoi réir athrú den sórt sin.

(10) Ní dochar fo-alt (9) do theideal an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta togra a dhéanamh le haghaidh athrú eile ar an gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta de réir an ailt seo.

(11) Faoi réir fho-alt (12), aon diúltú míréasúnach ar thaobh an fhéichiúnaí a thoilíú nó a toiliú a thabhairt—

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

CD.8 A.89

(a) faoi fho-alt (6) do thogra le haghaidh athrú nó cruinniú creidiúnaithe a ghairm, nó

(b) faoi fho-alt (3) nó (4) d'alt 109,

is foras é le haghaidh iarratas faoi alt 122(1)(g).

(12) Aon fhéichiúnaí a dhiúltaíonn a thoiliú nó a toiliú a thabhairt faoi fhoráil dá dtagraítear i bhfo-alt (11), measfar é nó í a bheith ag gníomhú go réasúnach i gcás go gceanglófaí ar an bhféichiúnaí leis an togra a lorgaítear an toiliú i ndáil leis—

(a) i gcás go mbeidh méadú tagtha ar ioncam an fhéichiúnaí, íocaíochtaí breise a dhéanamh ar mó iad ná 50 faoin gcéad den mhéadú ar a ioncam nó ar a hioncam a bheadh ar fáil dó nó di tar éis na hasbhaintí seo a leanas (más infheidhme) a dhéanamh:

(i) cáin ioncaim;

(ii) ranníocaí árachais shóisialaigh;

(iii) íocaíochtaí arna ndéanamh aige nó aici i leith fiacha eisiata;

(iv) íocaíochtaí arna ndéanamh aige nó aici i leith fiacha ineisiata nach fiacha ceadaithe;

(v) cibé tobhaigh agus muirir eile ar ioncam a fhorordófar,

nó

(b) íocaíocht a dhéanamh ar mó í ná 50 faoin gcéad de luach aon mhaoine a bheidh faighte ag an bhféichiúnaí tar éis don Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a bheartaítear a athrú teacht in éifeacht, mura rud é go raibh réamhshocrú i dtéarmaí na Comhshocraíochta sin i dtaobh an mhaoin sin a fháil.

(13) Forléireofar tagairt sa Chaibidil seo do Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta mar thagairt a fholaíonn comhshocraíocht den sórt sin mar a bheartaítear í a athrú nó, arna hathrú de réir an ailt seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt.

(14) San alt seo, ciallaíonn ‘athrú ábhartha ar imthosca an fhéichiúnaí’ athrú ar imthosca an fhéichiúnaí a dhéanfadh difear ábhartha dá chumas nó dá cumas íocaíochtaí a dhéanamh, nó a oibleagáidí nó a hoibleagáidí a chomhlíonadh ar shlí eile, faoin gComhshocraíocht

- CD.8 A.89 [Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.  
Dócmhainneachta Pearsanta, agus folaíonn sé méadú nó laghdú ar mhéid shócmhainní, dhliteanais nó ioncam an fhéichiúnaí.”.
- Leasú ar alt 122 d’Acht 2012 **90.**—Leasaítear alt 122 d’Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):
- “(4) I gcás go dtabharfaidh an chúirt chuí breith faoi fho-alt (3)—
- (a) tabharfaidh Cláráitheoir na cúirte cuí fógra don tSeirbhís Dócmhainneachta faoin mbreith, agus
- (b) déanfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta, ar an bhfógra faoi mhír (a) a fháil, fógra faoin mbreith a thabhairt don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta agus do na creidiúnaithe sonraithe lena mbaineann.
- (5) I gcás go dtabharfaidh an chúirt chuí breith, faoi fho-alt (3), Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a fhoirceannadh, déanfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta, ar an bhfógra faoi fho-alt (4) faoin bhfoirceannadh sin a fháil, an fíoras go ndearnadh an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a fhoirceannadh a thaifeadadh i gClár na gComhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta.”.
- Leasú ar alt 124 d’Acht 2012 **91.**—Leasaítear alt 124 d’Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):
- “(3) I gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (1), déanfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta, laistigh de 3 mhí tar éis an dáta a rachadh an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta in éag, murach an fíoras sin, an fhaisnéis go léir a bheidh taifeadta i gClár na gComhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta i leith na Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta a bhaint as an gClár.”.
- Leasú ar alt 125 d’Acht 2012 **92.**—Leasaítear alt 125 d’Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):
- “(4) I gcás go bhfaighidh an tSeirbhís Dócmhainneachta an fógra dá dtagraítear i bhfo-alt (1)—
- (a) taifeadfaidh sí i gClár na gComhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta gur cuireadh an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta i gcrích go rathúil, agus
- (b) déanfaidh sí, laistigh de 3 mhí ón bhfógra sin a fháil, an fhaisnéis go léir a bheidh taifeadta i gClár na gComhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta i leith na Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta a bhaint as an gClár.”.
- Leasú ar alt 136 d’Acht 2012 **93.**—Leasaítear alt 136 d’Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

CD.8 A.93

“(1) Féadfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta, le toiliú an Aire, foirm a fhorordú le rialacháin (dá ngairtear “Ráiteas Airgeadais Forordaithe” san Acht seo) lena húsáid ag daoine i gcás go gceanglaítear orthu faoin gCuid seo Ráiteas Airgeadais Forordaithe a chomhlánú, ar foirm í lena ndéanfar foráil maidir le faisnéis mhionsonraithe a sholáthar a bhaineann le hioncam, sócmhainní agus dliteanais na ndaoine sin agus leis na caiteachais riachtanacha teaghlaigh a thabhaíonn siad.”.

94.—Leasaítear Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 161:

Leasú ar alt 161  
d’Acht 2012

“Rialacháin a fhéadfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta a dhéanamh maidir le cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta

161.—(1) D’fhonn cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta a údarú, a rialáil agus a mhaoirsiú agus chun cosaint a dhéanamh ar fhéichiúnaithe agus ar chreidiúnaithe atá, nó a d’fhéadfadh teacht chun bheith, ina bpáirtithe i gComhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais nó i gComhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta agus d’fhonn muinín an phobail as oibriú Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Fiachais agus Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta faoin Acht seo a chothabháil, féadfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta, le toiliú an Aire, foráil a dhéanamh agus, má ordáíonn an tAire di déanamh amhlaidh agus de réir théarmaí an ordacháin, déanfaidh sí foráil, tar éis di dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais agus le haon duine eile is cuí leis an tSeirbhís Dócmhainneachta nó de réir mar a ordóidh an tAire, le rialacháin, maidir le haon cheann acu seo a leanas:

- (a) na ceanglais is infheidhme maidir leis na nithe seo a leanas—
  - (i) daoine a údarú chun cleachtas a sheoladh mar chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta;
  - (ii) daoine a bheidh údaraithe chun cleachtas a sheoladh mar chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta a mhaoirsiú agus a rialáil i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoin Acht seo;
  - (iii) déileálacha duine a bheidh údaraithe chun cleachtas a sheoladh mar chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta leis an tSeirbhís Dócmhainneachta; agus
  - (iv) daoine a bheidh údaraithe chun cleachtas a sheoladh mar chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta do scor dá gcleachtas nó dá n-aistriú;
- (b) na ceanglais a bheidh le comhlíonadh ag cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
 2013.

i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoin Acht seo lena n-áirítear, gan ginearáltacht an mhéid sin roimhe seo a theorannú, i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- (i) leas an phobail;
- (ii) na dualgais i leith féichiúnaithe agus creidiúnaithe atá, nó a d'fhéadfadh teacht chun bheith, ina bpáirtithe i gComhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais nó i gComhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta;
- (iii) iompar gairmiúil agus eiticiúil cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta;
- (iv) rúndacht faisnéise féichiúnaithe agus creidiúnaithe a chothabháil, ar féichiúnaithe agus creidiúnaithe iad atá, nó a d'fhéadfadh teacht chun bheith, ina bpáirtithe i gComhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais nó i gComhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta;
- (v) cásbhainistiú i leith féichiúnaithe ag a mbeidh cleachtóir dócmhainneachta pearsanta ceaptha; agus
- (vi) easaontachtaí leasa;
- (c) na cáilíochtaí (lena n-áirítear leibhéal oiliúna, oideachais, saineolais agus taithí) nó aon cheanglais eile (lena n-áirítear caighdeáin riachtanacha inniúlachta, feidhmiúlachta agus ionracais, agus leibhéal íosta riachtanacha árachais slánaíochta gairmiúla) chun daoine a údarú chun cleachtas a sheoladh mar chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta;
- (d) na téarmaí ar a mbeidh slánaíocht in aghaidh cailteanas ar fáil do chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta faoi aon pholasáí árachais slánaíochta agus na himthosca ina bhfuil an ceart chun slánaíochta den sórt sin le heisiamh nó le modhnú;
- (e) na taifid a bheidh le cothabháil agus an fhaisnéis agus na tuairisceáin, lena n-áirítear i bhfoirm leictreonach, a bheidh le soláthar don tSeirbhís Dócmhainneachta ag cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta;



[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.

CD.8 A.94

- (f) na ceanglais a bheidh le comhlíonadh ag cleachtóir dócmhainneachta pearsanta nuair a bheidh gearáin i gcoinne an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta sin á láimhseáil;
- (g) na caighdeáin lena gcloífidh cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta maidir le fógraíocht faoin Acht seo;
- (h) na himthosca ina bhféadfaidh, agus na críocha ar chucu a fhéadfaidh, cleachtóir dócmhainneachta pearsanta táillí nó costais a mhuirearú, nó féachaint le heisiócaíocht a ghnóthú, i leith obair arna déanamh tar éis a fhostaithe nó a fostaithe ag féichiúnaí tráth ar bith i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna—
  - (i) faoin Acht seo,
  - (ii) faoi rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo,
  - (iii) faoi rialacha cúirte,

agus na ceanglais a bheidh le comhlíonadh ag cleachtóir dócmhainneachta pearsanta nuair a bheidh táillí nó costais á muirearú aige nó aici nó nuair a bheidh sé nó sí ag féachaint le heisiócaíochtaí a ghnóthú, agus

- (i) aon ní eile a bhaineann le cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta a údarú, a mhaoirsiú nó a rialáil agus a ghabhann leis an tSeirbhís Dócmhainneachta nó is dóigh leis an tSeirbhís Dócmhainneachta is gá nó is fóirsteanach chun na gcríoch sin nó maidir le gach ceann nó le haon cheann de na nithe sin dá dtagraítear san fho-alt seo.

(2) Féadfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta aon ní a dhéanamh a mheasann sí is gá nó is fóirsteanach chun faireachán a dhéanamh ar chleachtóir dócmhainneachta pearsanta do chomhlíonadh a oibleagáidí nó a hoibleagáidí faoin Acht seo agus faoi rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo.”.

**95.**—Leasaítear alt 164 d’Acht 2012 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

Leasú ar alt 164  
d’Acht 2012

“(4) Mura túisce a dhéanfar údarú chun cleachtas a sheoladh mar chleachtóir dócmhainneachta pearsanta a ghéilleadh nó a chúlghairm nó a scoirfidh sé ar shlí eile de bheith i bhfeidhm, leanfaidh sé i bhfeidhm go ceann tréimhse a chinnfidh an

Cd.8 A.95 [Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
2013.  
tSeirbhís Dócmhainneachta, ach ní faide an tréimhse sin ná 5 bliana ón dáta a eiseofar an t-údarú.”.

Leasú ar alt 37 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936 **96.**—Leasaítear alt 37 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) D’ainneoin fho-alt (1), beidh ábhar achomhairc ann chun na hArd-Chúirte ina suí i mBaile Átha Cliath i gcoinne gach breithiúnais arna thabhairt nó ordaithe arna dhéanamh nó breithe arna tabhairt (seachas breith a mbeidh feidhm ag alt 169(4) den Acht um Dhócmhainneacht Pearsanta, 2012 maidir léi) ag an gCúirt Chuarda i gcomhlíonadh aon fheidhme nó i bhfeidhmiú aon chumhachta nó dlínse a thugtar don chúirt sin leis an Acht sin, cibé acu ar tugadh nó nár tugadh fianaise bhéil ag an éisteacht nó chun na himeachtaí nó an ní lena mbaineann a chinneadh.”.

Leasú ar alt 10 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1947 **97.**—Leasaítear alt 10(12) (a cuireadh isteach le halt 194(c) d’Acht 2012) den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1947 trí “sainbhréitheamh” a chur in ionad “breitheamh speisialtachta” agus “sainbhréithiúna” a chur in ionad “breithiúna speisialtachta”.

#### CUID 9

#### ILGHNÉITHEACH

Leasú ar alt 38 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936 **98.**—Leasaítear an tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1936 in alt 38—

(a) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) i ngach cás eile—

(i) faoi réir fhómhír (ii), chun na hArd-Chúirte ar Cuaird ina suí sa bhaile achomhairc arna ainmniú don achomharc de réir alt 34(2), nó

(ii) i gcás gur tugadh ordachán de bhun alt 34(7) maidir leis an mbaile achomhairc ina n-éistfí an t-achomharc, murach an t-ordachán sin, chun na hArd-Chúirte ar Cuaird ina suí i cibé baile achomhairc eile, nó chun na hArd-Chúirte ina suí i mBaile Átha Cliath, de réir mar a bheidh, mar a ordáíodh de réir alt 34(8).”,

(b) i bhfo-alt (4), trí “sa Chuaird chéanna” a scriosadh, agus

(c) i bhfo-alt (5)(a), trí “sa chuaird chéanna” a scriosadh.

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.] Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013.*

AN SCEIDEAL

Ailt 14 agus 15.

CUID 1

TEORAINN AIRGEADAÍOCHTA DHLÍNSE NA CÚIRTE CUARDA A LEATHNÚ

| Tagairt<br>(1) | Uimhir agus<br>Bliain<br>(2) | Gearrtheideal<br>(3)  | Foráil<br>(4)   |
|----------------|------------------------------|---|---|
| 1.             | Uimh. 39 de<br>1976          | An tAcht um Fhiadhúlra, 1976  | Fomhír (ii) den mhíniú ar “cúirt chuif” i mír (b), agus mír (c)(ii)(I), d’fho-alt (1) (a cuireadh isteach le halt 69 den Acht um Fhiadhúlra, 2000) d’alt 76 |
| 2.             | Uimh. 1 de 1977              | An tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977   | Míreanna (b)(ii) agus (c)(ii) d’alt 10(1)   |
| 3.             | Uimh. 22 de<br>1981          | An tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1981   | Alt 8(1)  |
| 4.             | Uimh. 6 de 1987              | An tAcht um Thruailliú Aeir, 1987   | Míreanna (b)(ii) agus (c)(ii) d’alt 28A(1)  |
| 5.             | Uimh. 17 de<br>1992          | An tAcht Imeach Trágha (Leasú), 1992  | Míreanna (b)(ii) agus (c)(ii) d’alt 6(1)  |
| 6.             | Uimh. 23 de<br>1993          | An tAcht um Leigheasanna Ainmhithe, 1993  | Fomhír (ii) den mhíniú ar “cúirt chuif” i mír (a), agus mír (b)(ii)(I), d’alt 25(3)   |
| 7.             | Uimh. 10 de<br>1996          | An tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996  | Míreanna (b)(ii) agus (c)(ii) d’alt 58(1)   |
| 8.             | Uimh. 11 de<br>1996          | An tAcht Cuanta, 1996   | Míreanna (a) agus (b) d’alt (6), agus mír (b) d’fho-alt (12), d’alt 14  |
| 9.             | Uimh. 7 de 2001              | An tAcht Airgeadais, 2001   | Alt 128(3)(a)(a) cuireadh isteach le halt 46 den Acht Airgeadais, 2011)   |
| 10.            | I.R. Uimh. 116<br>de 2003    | Rialachán na gComhphobal Eorpach (Substaintí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú, a Lipéadú agus a Fhógairt), 2003 | Míreanna (7)(b) agus (8)(b) de Rialachán 28   |
| 11.            | I.R. Uimh. 62<br>de 2004     | Rialachán na gComhphobal Eorpach (Ullmhóidí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú agus a Lipéadú), 2004              | Míreanna (7)(b) agus (8)(b) de Rialachán 22   |
| 12.            | I.R. Uimh. 1 de<br>2010      | Rialachán na gComhphobal Eorpach (Airteagail Phiriteicniúla a Chur ar an Margadh), 2010                             | Rialachán 21(6)(b)  |

Sc.

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí* [2013.]  
*Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),*  
 2013.

CUID 2

TEORAINN AIRGEADAÍOCHTA DHLÍNSE NA CÚIRTE DÚICHE A LEATHNÚ

| Tagairt<br>(1) | Uimhir agus<br>Bliain<br>(2) | Gearrtheideal<br>(3)  | Forálacha<br>(4)   |
|----------------|------------------------------|---|--|
| 1.             | Uimh. 10 de<br>1924          | An tAcht Cúirteanna<br>Breithiúnais, 1924   | Clásail (i) go (iii)<br>agus (v) de mhír<br>A d'alt 77   |
| 2.             | Uimh. 18 de<br>1926          | An tAcht um Fheidhmiú<br>Orduithe Cúirte, 1926  | Alt 22(1)  |
| 3.             | Uimh. 27 de<br>1976          | An tAcht um Chaomhnú Áras<br>an Teaghlaigh, 1976  | Alt 10(5)(b)   |
| 4.             | Uimh. 39 de<br>1976          | An tAcht um Fhiadhúlra, 1976  | Fomhír (i) den<br>mhíniú ar "cúirt<br>chuf" i mír (b),<br>agus mír (c)(i)(I),<br>d'fho-alt (1) (a<br>cuireadh isteach<br>le halt 69 den<br>Acht um<br>Fhiadhúlra<br>(Leasú), 2000)<br>d'alt 76 |
| 5.             | Uimh. 1 de<br>1977           | An tAcht Rialtais Áitiúil<br>(Truailliú Uisce), 1977  | Míreanna (b)(i)<br>agus (c)(i) d'alt<br>10(1)  |
| 6.             | Uimh. 22 de<br>1981          | An tAcht um an Dlí Teaghlaigh,<br>1981  | Alt 8(2)   |
| 7.             | Uimh. 6 de<br>1987           | An tAcht um Thruailliú Aeir,<br>1987  | Míreanna (b)(i)<br>agus (c)(i) d'alt<br>28A(1)   |
| 8.             | Uimh. 17 de<br>1992          | An tAcht Imeach Trágha<br>(Leasú), 1992   | Míreanna (b)(i)<br>agus (c)(i) d'alt<br>6(1)   |
| 9.             | Uimh. 23 de<br>1993          | An tAcht um Leigheasanna<br>Ainmhithe, 1993   | Fomhír (i) den<br>mhíniú ar "cúirt<br>chuf" i mír (a),<br>agus mír (b)(i)(I),<br>d'alt 25(3)   |
| 10.            | Uimh. 26 de<br>1995          | An tAcht um an Dlí Teaghlaigh,<br>1995  | Alt 42(4)  |
| 11.            | Uimh. 10 de<br>1996          | An tAcht um Bainistiú<br>Dramhaíola, 1996   | Míreanna (b)(i)<br>agus (c)(i) d'alt<br>58(1)  |
| 12.            | Uimh. 11 de<br>1996          | An tAcht Cuanta, 1996   | Alt 14(6)  |
| 13.            | Uimh. 7 de<br>2001           | An tAcht Airgeadais, 2001   | Alt 128(3)(b)(a)<br>cuireadh isteach<br>le halt 46 den<br>Acht Airgeadais,<br>2011)  |
| 14.            | I.R. Uimh. 116<br>de 2003    | Rialachán na gComhphobal<br>Eorpach (Substaintí<br>Contúirteacha a Aicmiú, a<br>Phacáistiú, a Lipéadú agus a<br>Fhógairt), 2003 | Míreanna (7)(a)<br>agus (8)(a) de<br>Rialachán 28  |
| 15.            | I.R. Uimh. 62<br>de 2004     | Rialachán na gComhphobal<br>Eorpach (Ullmhóidí<br>Contúirteacha a Aicmiú, a<br>Phacáistiú agus a Lipéadú), 2004                 | Míreanna (7)(a)<br>agus (8)(a) de<br>Rialachán 22  |

[2013.] *An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí [Uimh. 32.]  
Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha),  
2013.*

Sc.

| Tagairt<br>(1) | Uimhir agus<br>Bliain<br>(2) | Gearrtheideal<br>(3)   | Forálacha<br>(4)      |
|----------------|------------------------------|--|-----------------------|
| 16.            | I.R. Uimh. 1 de<br>2010      | Rialachán na gComhphobal<br>Eorpach (Airteagail<br>Phiriteicniúla a Chur ar an<br>Margadh), 2010 | Rialachán<br>21(6)(a) |